# Tuairisc achomair ar chomhairliúchán spriocdhírithe le leanaí agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu faoin dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas

Lúnasa 2024

Údar

Teresa Gadd

ACE Communication Ireland

Choimisiúnaigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn) an tuairisc seo, agus rinne ACE Communication Ireland í. Is le na rannpháirtithe amháin atá na tuairimí a chuimsítear sa tuairisc seo agus ní gá gurb ionann iad agus tuairimí na Roinne nó ACE Communication.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na páistí agus leis na daoine óga a ghlac páirt sna hagallaimh agus sa ghrúpa fócais. Gabhaimid buíochas leo as a gcuid ama agus as a ndearcthaí a roinnt linn. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na scoileanna, na teaghlaigh, agus leis na baill foirne a thug tacaíocht dúinn leis an gcomhairliúchán seo. Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Roinn as a treoir le linn an phróisis.

# Clár na nÁbhar


Achoimre fheidhmeach ... 3

Réamhrá ... 3

Modheolaíocht ... 3

Na gníomhaíochtaí is tábhachtaí sa dréacht-Straitéis ... 5

Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de ... 5

Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí ... 6

Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha ... 9

Colún 4: Acmhainn a fhorbairt agus féinabhcóideacht ... 10

Na rudaí ar gá don phobal a bheith ar an eolas fúthu maidir le huathachas ... 10

Conclúid ... 11

1. Réamhrá ... 12

2. Modheolaíocht ... 13

2.1 Earcaíocht ... 13

2.2 Méid sampla agus próifíl rannpháirtí ... 13

2.3. Cead ... 14

2.4. Bailiú eolais ... 15

3. Na gníomhaíochtaí is tábhachtaí sa dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas ... 17

3.1 Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de ... 17

3.2. Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí ... 20

3.3. Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha ... 25

3.4. Colún 4: Acmhainn a fhorbairt agus féinabhcóideacht ... 27

4. Na rudaí ar gá don phobal a bheith ar an eolas fúthu maidir le huathachas ... 30

5. Conclúid ... 35

6. Aguisíní ... 36

Aguisín 1 – Foirm léirithe spéise ... 36

Aguisín 2 – Bileog eolais sholéite ... 38

Aguisín 3 – Bileog eolais i nGaeilge shimplí ... 47

Aguisín 4 – Eolas faoin bhfóta-thuairisc ... 53

Aguisín 5 – Eolas le haghaidh tuismitheoirí ... 62

Aguisín 6 – Foirm cheadaithe ... 64

# Achoimre fheidhmeach

## Réamhrá

Tá forbairt straitéise náisiúnta nua ar an uathachas á comhordú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Reáchtáladh an chéad chomhairliúchán poiblí ar an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2022 chun eolas a dhéanamh d'ullmhú na chéad dréachta den Straitéis. Foilsíodh tuairisc ina rinneadh anailís ar na haighneachtaí i mí Aibreáin 2023.

Foilsíodh an dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas i mí Feabhra 2024. Foilsíodh leagan soléite den dréacht-Straitéis freisin. Cuireadh tús leis an dara próiseas comhairliúcháin i mí Feabhra 2024, ar mhaithe le deis sa bhreis a thabhairt don phobal uathach agus na daoine a thacaíonn leo a dtuairimí a chur in iúl i dtaca leis an Straitéis sula gcuirfear i gcrích agus go seolfar í.

Mar chuid den dara comhairliúchán, choimisiúnaigh an Roinn ACE Communication chun comhairliúcháin pháirtithe leasmhara spriocdhírithe a chur i gcrích le grúpaí nach bhfaigheann cluas éisteachta go minic. Chuir na comhairliúcháin pháirtithe leasmhara spriocdhírithe seo le comhairliúchán poiblí níos leithne a cuireadh i gcrích trí shuirbhé ar líne agus aighneachtaí scríofa.

Tugtar achomair sa tuairisc achomair seo ar thorthaí an chomhairliúcháin spriocdhírithe le leanaí agus daoine óga a bhfuil uathacha orthu idir 8 agus 18 bliana d'aois.

Déanfaidh na torthaí ón gcomhairliúcháin seo eolas don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a thabhairt chun críche. Cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Airí agus Ranna Rialtais, Eagraíochtaí do Dhaoine atá Faoi Mhíchumas, scoileanna agus suímh oideachais, pobal na ndaoine atá faoi mhíchumas, comhlachtaí poiblí, agus soláthróirí seirbhíse poiblí eile suim sna torthaí freisin.

## Modheolaíocht

Bailíodh eolas don chomhairliúchán seo trí ghrúpa fócais agus trí agallaimh aonair. D'oibrigh an fhoireann chomhairliúcháin i gcomhar leis an Roinn chun leanaí agus daoine óga a earcú chun páirt a ghlacadh. Ullmhaíodh ábhair faisnéise i bhformáid fóta-thuairisc a bhí soléite agus scríofa i nGaeilge shimplí (Aguisíní 1, 2, 3, 4). Chomh maith

leis seo, forbraíodh foirmeacha eolais agus ceadaithe le haghaidh tuismitheoirí/caomhnóirí (Aguisín 5 agus Aguisín 6).

Tugadh an rogha do na leanaí agus na daoine óga uile agallamh aonair a dhéanamh dá mb'fhearr leo seo ná grúpa fócais. Reáchtáladh na hagallaimh agus an grúpa fócais ag amanna éagsúla agus in áiteanna éagsúla ab fhearr leis na leanaí agus na daoine óga.

Ar an iomlán, ghlac 13 leanbh agus duine óg páirt. Reáchtáladh grúpa fócais amháin i meánscoil phríomhshrutha i gCúige Laighean. Ghlac naonúr duine óg páirt sa ghrúpa seo. Reáchtáladh ceithre agallamh aonair – dhá cheann le leanaí a mbíonn ag freastal ar ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha (an bheirt acu sa bhunscoil) agus dhá cheann le leanaí a mbíonn ag freastal ar scoileanna speisialta (an bheirt acu in aois meánscoile). Reáchtáladh dhá agallamh ar an láthair agus dhá agallamh ar líne. Ba as contaetha Dhún na nGall, Cheatharlach, Bhaile Átha Cliath, agus Chill Mhantáin iad na leanaí.

Mhair na hagallaimh aonair idir 25 agus 45 nóiméad. Chuir beirt duine óg na hagallaimh i gcrích ar a gconlán féin. Fuair beirt eile tacaíocht óna dtuismitheoirí nó óna siblíní chun cuimhneamh ar eolas agus chun an t-eolas sin a roinnt. Aontaíodh ar seo roimh ré toisc go mbeadh sé deacair do na daoine seo iad féin a chur in iúl i gcuideachta duine coimhthíoch. Thacaigh baill teaghlaigh leis an leanbh/duine óg i dtaca lena s(h)uimeanna, a roghanna, agus a t(h)aithí saoil féin a roinnt. I gcásanna áirithe, rinneadh é seo le cabhair ó ghrianghraif agus ó phríomhearraí. Bhí agallamh amháin ann inar thug baill teaghlaigh samplaí sonracha chun tacú leis an duine óg cur síos a dhéanamh ar a t(h)aithí saoil féin agus chun príomhghníomhaíochtaí a shainaithint. Le linn an agallaimh, bhíodh dearcthaí an linbh/duine óg, seachas dearcthaí a b(h)all teaghlaigh, lárnach.

Bhí beirt rannpháirtithe sna hagallaimh arbh úsáideoirí Cumarsáid Bhreisitheach agus Malartach iad, go sonrach teanga chomharthaíochta Lámh agus gléas cumarsáide. Fuair siad tacaíocht ón éascaitheoir i dtaca le húsáid a bhaint as an dá ghléas seo.

Ba bheag an taithí a bhí ag na daoine a ghlac páirt sna hagallaimh i dtaca le páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin.

Chloígh an fhoireann chomhairliúcháin le dea-chleachtas maidir le dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga, agus le caighdeáin eiticiúla a chomhlíonadh. Rinneadh cead chun páirt a ghlacadh a mheas ar bhonn leanúnach.

D'fhorbair an fhoireann chomhairliúcháin treoir ábhair don ghrúpa fócais agus na n-agallamh i gcomhar leis an Roinn. Bunaíodh seo ar théamaí agus ar cheisteanna leathana a ardaíodh sa suirbhé ar líne. D'fheidhmigh an treoir ábhair mar chreat le

haghaidh na gcomhráite. Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna le haghaidh na n-agallamh agus an ngrúpa fócais:

- Cad é do bharúil faoin dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?
- Cén réimsí faoin Straitéis atá tábhachtach duit i do shaol laethúil?
- An mbíonn dúshláin nó bacainní agat i do shaol laethúil?
- Cén eolas ar cheart a bheith ag daoine faoin uathachas, dar leat? Cén teachtaireachtaí a dtabharfá tús áite dóibh i bhfeachtas poiblí maidir le huathachas?

Stóráladh na sonraí a bailíodh go slán agus i gcomhréir le beartais chosanta agus stórála sonraí.

## Na gníomhaíochtaí is tábhachtaí sa dréacht-Straitéis

Tá ceithre cholún sa dréacht-Straitéis. Cuireadh an t-eolas a bailíodh i dtoll a chéile agus eagraíodh é faoi gach ceann de na colúin seo agus cuireadh é le gníomhaíochtaí sonracha nuair ab fhéidir.

Shainaithin na daoine óga a bhíonn ag freastal ar mheánscoil phríomhshrutha dúshláin shonracha maidir le curaclam na scoile, tacaíochtaí le haghaidh Scrúduithe Stáit, rochtain ar thacaíochtaí le haghaidh oideachas breise agus ardoideachas, steiréitíopaí maidir le huathachas a bhainistiú, caidrimh a thógáil, agus easpa rochtana ar thacaíochtaí meabhairshláinte. Bhí suim ar leith acu i bhfeachtas feasachta poiblí maidir le huathachas.

I gcomparáid leis seo, thuairiscigh rannpháirtithe ó scoileanna agus ranganna speisialta, agus na daoine a thacaíonn leo, dúshláin maidir le scileanna foirne agus tuiscint i dtaca le huathachas; rochtain ar theicneolaíocht agus ar thacaíochtaí cumarsáide; timpeallachtaí inrochtana; rochtain ar thacaíochtaí teiripe; deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fiúntacha; agus eolas agus tacaíochtaí le haghaidh teaghlach. Bhí siad seo ábhartha do rannpháirtithe in aois bunscoile agus meánscoile araon.

## Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de

Faoin gcolún seo, shainaithin na rannpháirtithe na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chinn atá tábhachtach dóibh:

- **Beidh feachtas againn chun cabhrú leis an bpobal maidir le huathachas a thuiscint. Cabhróidh daoine uathacha leis an bhfeachtas seo a dhearadh.**

Bhí tacaíocht láidir ann don ghníomhaíocht seo. D'oibrigh cúpla rannpháirtí ar fheachtais ina meánscoil chun feasacht agus tuiscint i dtaca le huathachas a fhorbairt.

Thug siad faoi deara gur tacaíodh le daltaí uathacha eile leis na feachtais seo i dtaca le tréithe an uathachais a aithint, chun a bhfreagairt do chúinsí agus d'eachtraí a thuiscint, chun ceisteanna a chur, agus chun tacaíocht a iarraidh. Bhí dóchas acu go bhféadfaí go mbeadh torthaí cosúil leis seo ag feachtas poiblí.

- **Tacóimid le clár oiliúna maidir le huathachas ar mhaithe le baill foirne a bhíonn ag obair le daoine uathacha. Beidh sé seo ann le haghaidh baill foirne i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus eagraíochtaí sláinte agus cúraim shóisialta eile.**

Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an ngníomhaíocht seo le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais níos coimpléascaí acu. tá sé tábhachtach gur féidir le baill foirne freagairt do na riachtanais seo, agus go bhfuil an t-eolas agus na scileanna acu chun na tacaíochtaí is fearr a thabhairt do leanaí uathacha mar a bhaineann sé, mar shampla, le cumarsáid, teicneolaíocht, riachtanais chéadfacha agus riachtanais mheabhairshláinte. Dúirt tuismitheoirí go mbíonn sé deacair tacaíocht mhaith a thabhairt dá leanbh, in easnamh gairmithe oilte.

- **Cuirfimid daoine ar an eolas faoi, agus tabharfaimid oiliúint ar an Treoir Dhea-Chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas.**

Mhol rannpháirtithe go gcuirfí an oiliúint seo ar fáil do phríomhoidí scoile, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, agus do dhaltaí eile. Mhol duine óg amháin gur cheart go mbeadh an bhéim ar threoirlínte seachas ar oiliúint. Ní bheadh sé seo chomh saintreorach nó 'greanta i gcloch'. Ba mhaith le rannpháirtithe le go mbeadh baint ag daltaí uathacha leis an oiliúint.

- **Tacóimid le smaointe agus le pleananna lena léirítear uathachas ar bhealach maith sna meáin.**

Bhí tóir ar an ngníomhaíocht seo i measc daoine óga uathacha i meánscoil phríomhshrutha. Cheap na rannpháirtithe go mbeadh sé dearfach dá mbeadh carachtar uathach i gclár teilifíse, ach gan a (h)uathachas a bheith ag croílár a róil. Chuir siad a rogha in iúl le go mbeadh aisteoirí uathacha i róil na gcarachtar uathacha. Mura bhfuil uathachas ar an aisteoir, ba cheart go mbeadh miontaighde déanta acu ar an ról. Chomh maith leis seo, ba mhaith leis na rannpháirtithe tuilleadh daoine uathacha a mbíonn cláir raidió, theilifíse, phodchraoltaí etc. á gcur i láthair acu a fheiceáil.

### Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí

- **Léireoimid go bhfuil na riachtanais atá ag daoine uathacha mar chuid de Dhearadh Uilíoch.**

Tá tábhacht ag baint le Dearadh Uilíoch i dtaca le leanaí agus daoine óga sna timpeallachtaí a mbaineann siad úsáid astu. Ba cheart go mbeadh na timpeallachtaí seo uile inrochtana ag cathaoireacha rothaí. Ba cheart go gcuirfí spás, tranglam, fuaim, teocht agus aer úr uile san áireamh.

Tarraingíodh aird freisin ar an ngá le leithris inrochtana agus suímh fheistis i leithris i ngach pobal agus foirgneamh poiblí. Ba cheart go mbeadh áiseanna feistis ag ionaid fóillíochta – mar shampla, ardaitheoirí nó spásanna níos ciúine – le haghaidh gach leanbh agus a t(h)eaghlach.

- **Tacóimid le leanaí uathacha atá ag bogadh ó shuímh luathfhoghlama agus chúraim leanaí chun na bunscoile.**

Ba phríomhghníomhaíocht í seo do roinnt leanaí agus daoine óga. Thug cuid acu faoi deara go raibh an t-aistriú ón bhunscoil chun na meánscoile i bhfad ní b'éasca ná an t-aistriú isteach sa bhunscoil. Thug duine amháin faoi deara go raibh an t-aistriú ó bhunscoil amháin go bunscoile eile deacair.

Moladh go mbíonn tacaíocht ag teastáil ó leanaí agus ó dhaoine óga lena n-imní a bhainistiú le linn na bpríomh-amanna aistrithe. Dúirt leanaí agus daoine óga go mbíonn na haistrithe níos éasca nuair atá cairde agus leanúnachas i gceist, nuair a bhíonn an Cúntóir Riachtanas Speisialta céanna acu, mar shampla. Tarraingíodh aird freisin ar chuairteanna, ar sheisiúin tosaigh, agus ar champaí mar mhodhanna cabhracha.

- **Tacóimid le pleananna le haghaidh suímh fhoghlama lena gcuirtear fáilte roimh chách agus lena gcuimsítear iad.**

Labhair na leanaí agus na daoine óga go minic faoi thacaíocht na gCúntóirí Riachtanas Speisialta sa scoil. D'aithin na daoine óga na tacaíochtaí a chuireann Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil, agus labhair siad freisin faoi na dúshláin a bhaineann le Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith agat.

- **Féachaimid ar thacaíochtaí le haghaidh daoine uathacha le gur féidir leo páirt a ghlacadh in oideachas breise agus ardoideachas.**

Sainaithníodh meantóirí agus treoirchomhairleoirí mar thacaíochtaí tábhachtacha san aistriú ón mheánscoil chun na hollscoile. Mhol duine óg amháin ionad ilfhreastail le haghaidh iarratas, deontas, díolúintí, agus tacaíochtaí ollscoile. Bheadh foirmeacha simplí i mBéarla ina gcabhair freisin. Tarraingíodh aird ar na scéimeanna BRA (Bealach Rochtana ar Ardoideachas) agus DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas) mar thacaíochtaí dearfacha.

- **Déanfaimid cinnte go mbainfear úsáid as na focail agus an friotal roghnaithe ag an bpobal uathach san earnáil phoiblí le labhairt faoi dhaoine uathacha.**

Ní raibh an oiread spéise ag na leanaí agus na daoine óga sa ghníomhaíocht seo. Bhí roghanna éagsúla acu maidir leis na focail a n-úsáidtear le labhairt faoi dhaoine uathacha. Chuir roinnt acu in iúl gurbh fhearr leo 'míchumas speictream an uathachais' toisc gur chreid siad go mbeadh coincheap an speictrim ina chabhair le daoine chun tuiscint níos fearr a chur ar réimse an uathachais. Níor mhaith lena bhformhór acu an téarma 'neamhord'. Níor mhaith le cuid acu an téarma 'néara-éagsúil'. Cheap siad go dtagann an iomarca míchumas éagsúla faoin 'scáth-théarma' seo anois, go bhfuil sé ró-leathan, agus go mbaintear an indibhidiúlacht leis.

- **Oibreoimid i dtreo thacaíochtaí teiripe níos fearr a bheith ann le haghaidh leanaí uathacha.**

Bhí comhaontú láidir ann gur gníomh tábhachtach is ea seo. Thuairiscigh roinnt leanaí agus daoine óga gur bheag an tacaíocht theiripe a fuair siad, nó nach bhfuair siad tacaíocht teiripe ar bith, seachas teiripe phríobháideach ar íoc a dtuismitheoirí aisti.

Ba chuimhin le roinnt daoine óga go bhfuair siad méid áirithe teiripe ghrúpa mar leanaí, mar shampla, teiripe urlabhra agus theanga nó teiripe shaothair.

D'fhiafraigh daoine óga faoin soláthar teiripí malartacha, amhail teiripe cheoil, teiripe dhráma, teiripe ealaíne, nó comhairleoireacht. Dúirt siad gur mhaith leo dá gcuirfí réimse theiripí níos leithne ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga uathacha.

Thuairiscigh duine óg amháin go bhfuair sé/sí tacaíochtaí maidir le teiripe urlabhra agus theanga i suíomh scoile speisialta chun tacú le gléas cumarsáide a thabhairt isteach. Chuir a t(h)eaghlach béim ar an ngá atá ann go n-oibreodh na teiripeoirí uile le chéile chun tacú leis an duine óg maidir lena spriocanna a bhaint amach.

Tharraing na daoine a thacaíonn leis na leanaí agus na daoine óga aird ar an ngá atá ann le tacaíochtaí foirne ildisciplíneacha, go háirithe le haghaidh leanaí agus daoine óga uathacha a bhfuil riachtanais bhreise/choimpléascacha acu. Thuairiscigh baill teaghlaigh easpa rochtana ar ghairmithe a bhfuil na cáilíochtaí cuí nó an taithí chuí acu ar féidir treoir a thabhairt dóibh maidir leis na bealaí is fearr chun tacú lena mball teaghlaigh uathach.

- **Tacóimid le leanaí agus le daoine fásta uathacha maidir leis na seirbhísí meabhairshláinte cearta a fháil.**

Tharraing duine óg amháin aird ar an easpa tacaíochtaí meabhairshláinte le haghaidh cách in Éirinn, daoine uathacha san áireamh. Moladh nach raibh go leor gairmithe meabhairshláinte ann a bhfuil an t-eolas ceart agus na scileanna cearta acu maidir le huathachas leis na riachtanais mheabhairshláinte sa tír seo a chomhlíonadh.

- **Tá gníomhaíochtaí againn le cinntiú gur féidir le daoine uathacha úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla córais iompair.**

Bhí córas iompair atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí tábhachtach do roinnt leanaí, daoine óga, agus teaghlach. Tarraingíodh aird freisin ar an easpa córais iompair poiblí i gceantair thuaithe agus iargúlta mar dheacracht leanúnach. I measc na bhfadhbanna eile a d'ardaigh na leanaí agus na daoine óga maidir le córas iompair poiblí bhí busanna ró-phlódaithe, seirbhísí nach féidir brath orthu, eolas ar dheacair é a leanúint, agus iarratais taistil nach bhfeidhmíonn mar is ceart.

### Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha

- **Táimid ag iarraidh go mbeidh áiteanna cultúrtha, amhail iarsmalanna agus dánlanna, inrochtana agus go gcuirfear fáilte roimh uathachas iontu.**

Bhí comhaontú ann gur cheart go mbeadh gach áit inrochtana agus go mbeadh fáilte roimh uathachas iontu uile. D'iarr roinnt daoine óga ar thuilleadh deiseanna do dhaoine uathacha chun páirt a ghlacadh sna healaíona, mar shampla, uirlis cheoil a fhoghlaim, páirt a ghlacadh i ngrúpa amharclannaíochta ceoil, nó páirt a ghlacadh i rang damhsa. Iarradh freisin go gcuirfí tuilleadh gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis na healaíona ar fáil sna scoileanna. Tá gá le múinteoirí oilte agus le daoine chun tacaíocht a thabhairt le cinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí inrochtana ag cách.

- **Tabharfaimid tacaíocht do dhaoine óga uathacha chun úsáid a bhaint as leabharlanna. Cuirfimid na riachtanais atá ag daoine óga uathacha san áireamh agus leabharlanna poiblí á ndearadh againn.**

Bhí suim ag roinnt rannpháirtithe úsáid a bhaint as leabharlanna poiblí agus ní raibh aon suim ag roinnt rannpháirtithe eile. Dúirt na leanaí agus na daoine óga go gcuirfidís fáilte roimh an deis chun labhairt le daoine atá ag obair ina leabharlanna áitiúla faoi na hathruithe ar mhaith leo a fheiceáil sna leabharlanna. I measc na moltaí bhí tuilleadh spáis, áiteanna ciúine, seomraí céadfacha, agus tuilleadh leabhar a bhaineann lena sainspéiseanna.

- **Beidh cláir chumarsáide againn i gclóis súgartha poiblí.**

Bhí na leanaí níos óige tógtha leis an ngníomhaíocht seo ach go háirithe. D'aithin na leanaí níos sine an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do leanaí bhalbha nó leanaí ar bheagán cainte, maidir le rochtain a bheith acu ar áiseanna, amhail clós súgartha áitiúil.

- **Déanfaimid cinnte go dtacófar le daoine uathacha agus go mbeidh an deis acu páirt a ghlacadh sa spórt.**

Ní raibh suim ach ag cúpla rannpháirtí sa ghníomhaíocht seo. Dúirt roinnt leanaí agus daoine óga go mbaineann siad sult as a bheith amuigh faoin aer, sa nádúr, ag dul ar shiúlóidí, ag dul ag snámh agus ag dul go dtí an pháirc. Tá sé tábhachtach go gcuirtear san áireamh an réimse leathan gníomhaíochtaí coirp agus spórt ar mhaith le daoine

uathacha páirt a ghlacadh iontu nó ar féidir leo páirt a ghlacadh iontu. Dúirt a bhformhór acu nach dtaitníonn spóirt foirne leo. Mhínigh roinnt daoine óga, áfach, an sult a bhaineann siad as spóirt aonair amhail iascaireacht, marcaíocht ar chapall, clárscátáil, rothaíocht agus Taekwondo. Sainaithníodh an costas a bhaineann le spóirt aonair mar bhacainn ar rannpháirtíocht.

### Colún 4: Acmhainn a fhorbairt agus féinabhcóideacht

- **Tacóimid le daoine atá ag obair in earnáil an oideachais, na sláinte agus an chúraim shóisialta chun foghlaim faoin teicneolaíocht agus an chaoi ar féidir léi tacú le leanaí uathacha.**

I measc rannpháirtithe i suímh scoileanna speisialta, cuireadh béim ar thábhacht na teicneolaíochta chun tacú leis an gcumarsáid.

Is gá go mbíonn fáil ar theicneolaíocht ar fud na dtimpeallachtaí éagsúla a mbaineann leanaí agus daoine óga úsáid astu, agus is gá go mbaintear úsáid sheasmhach aisti.

- **Beidh suíomh gréasáin nua de chuid FSS againn le heolas faoin uathachas. Leis seo, tabharfar tacaíocht agus eolas do dhaoine uathacha agus dá dteaghlaigh.**

Leag baill teaghlaigh ag tabhairt tacaíocht do leanaí agus do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán, béim ar an ngá le heolas ar chaighdeán maith. Mhol daoine óga agus baill teaghlaigh araon go bhféadfaí go mbeadh líne ghutháin náisiúnta ina cabhair chun ceisteanna ginearálta a fhreagairt agus chun tacú le daoine maidir le rochtain a fháil ar eolas faoin uathachas.

- **Déanfaimid taighde ar na bealaí is fearr chun seirbhísí poiblí a thabhairt do dhaoine uathacha gan urlabhra.**

Sa ghrúpa fócais, rinne na daoine óga cur síos ar sheirbhísí poiblí mar 'callánach' agus 'gnóthach'. Tugadh faoi deara go mbíonn cosantóirí cluaise ina gcabhair do roinnt daoine uathacha. Mhínigh na leanaí agus na daoine óga go mbíonn sé deacair dóibh cabhair a lorg in áiteanna poiblí.

### Na rudaí ar gá don phobal a bheith ar an eolas fúthu maidir le huathachas

D'fhreagair na leanaí agus na daoine óga an cheist seo go fonnmhar agus chuir siad roinnt smaointe chun tosaigh maidir leis an bpríomhtheachtaireacht a bheadh ag feachtas poiblí faoin uathachas. Chuir roinnt de na leanaí agus na daoine óga frustrachas in iúl maidir le steiréitíopaí faoin uathachas agus faoi dhaoine uathacha a léirítear sna meáin agus maidir le míthuiscintí faoin uathachas.

Mhol na leanaí agus na daoine óga gur cheart go dtabharfaí eolas maidir le tréithe an uathachais in aon fheachtas poiblí, go dtabharfaí aghaidh ar na steiréitíopaí leis, go

míneofaí iompair féin-spreagúla agus an fáth do dtarlaíonn siad, go míneofaí go bhféadfaí go roghnódh daoine uathacha iad féin a chur in iúl i mbealaí éagsúla, agus uathachas a chur chun cinn i mbealach dearfach. Ba cheart go molfaí le feachtas poiblí bealaí praiticiúla gur féidir leis an bpobal tacú le daoine uathacha.

Ba cheart go ndearfadh daoine uathacha an feachtas agus go mbeadh siad mar cheann feadhna air, agus go mbeadh daoine uathacha agus a gcairde, a mbaill teaghlaigh, agus daoine tábhachtacha eile ina saol le feiceáil ann. Ba cheart go mbeadh scéalta pearsanta ó dhaoine uathacha mar chuid de. Ba cheart go mbeadh daoine ar aoiseanna éagsúla agus a bhfuil próifílí éagsúla le feiceáil ann.

## Conclúid

D’fháiltigh na leanaí agus na daoine óga roimh an deis páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Bhí siad ar bís go bhféadfaí go mbeadh tionchar ag a ndearctaí agus ag a smaointe ar an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas deiridh.

Sa ghrúpa fócais, chuir na daoine óga béim ar an ngá le tuilleadh comhairliúcháin le daoine uathacha, agus ar an tábhachtach a bhaineann le daoine uathacha a chuimsiú sa dearadh, sa seachadadh agus san fhaireachán a bhaineann le seirbhísí, beartais agus pleananna poiblí.

Chuir roinnt de na rannpháirtithe in iúl gur mian leo páirt a ghlacadh in tuilleadh comhairliúchán nó i bhfeachtais phoiblí faoin uathachas.

# 1. Réamhrá

Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn) freagrach as reachtaíocht agus beartas a bhaineann le comhionannas míchumas a fhorbairt. *Clár an Rialtais: Ár dTodhchaí le Chéile* gealltanas maidir le gníomh a bhaineann leis an uathachas. Tá forbairt straitéise náisiúnta nua ar an uathachas á comhordú ag an Roinn, an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Tá sé mar aidhm ag an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar leith atá ag daoine uathacha agus chun feabhas a chur ar thuiscint an uathachais agus ar an gcaoi a bhfreastalaítear air sa tsochaí agus ar fud na hearnála poiblí. Cuimsítear leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích ar fud an rialtais chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaoine uathacha agus a dteaghlaigh thar thréimhse 18 mí. Cuirfidh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas le hiarrachtaí leasaithe níos leithne chomh maith lena bhfeabhsú trí bhéim a leagan ar réimse ina mbíonn sainriachtanais ag daoine uathacha.

Reáchtáladh comhairliúchán poiblí tosaigh ar an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas idir mí Aibreáin agus mí na Bealtaine 2022 chun eolas a dhéanamh d’ullmhúchán dréacht-Straitéis tosaigh. Foilsíodh tuairisc ina rinneadh anailís ar na haighneachtaí i mí Aibreáin 2023.

Foilsíodh an Dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas i mí Feabhra 2024. Foilsíodh leagan soléite den Dréachtstraitéis freisin. Cuireadh tús leis an dara próiseas comhairliúcháin chun deis sa bhreis a thabhairt don phobal uathach agus na daoine a thacaíonn leo a dtuairimí a roinnt maidir leis an dréacht-Straitéis sula gcuirfear i gcrích agus gur seolfar í.

Mar chuid den dara comhairliúchán, choimisiúnaigh an Roinn ACE Communication chun comhairliúcháin pháirtithe leasmhara spriocdhírithe a chur i gcrích, mar aitheantas ar na riachtanais agus dearcthaí sonracha atá ag grúpaí éagsúla agus ar an ngá le cinntiú le go mbeadh an freastal is leithne agus is féidir ag an gcomhairliúchán. Chuir na comhairliúcháin pháirtithe leasmhara spriocdhírithe seo le comhairliúchán poiblí níos leithne a cuireadh i gcrích trí shuirbhé ar líne agus aighneachtaí scríofa.

Tugtar achomair sa tuairisc achomair seo ar thorthaí an chomhairliúcháin spriocdhírithe le leanaí agus daoine óga a bhfuil uathacha orthu idir 8 agus 18 bliana d’aois. Leis an gcomhairliúchán seo, tugadh deis do leanaí agus do dhaoine óga uathacha a dtaithí saoil a chur in iúl, labhairt faoi na bacainní agus na dúshláin atá acu, na gníomhaíochtaí ón dréacht-Straitéis is tábhachtaí dá saoil, agus smaointe a chur chun tosaigh chun feabhas a chur ar shaoil na leanaí agus na ndaoine óga uathacha in Éirinn.

Déanfar na torthaí ón gcomhairliúchán seo le leanaí agus daoine óga agus ón gcomhairliúchán níos leithne eolas don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a thabhairt chun críche.

Cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, Airí agus Ranna Rialtais, Eagraíochtaí do Dhaoine atá Faoi Mhíchumas, scoileanna agus suímh oideachais, pobal na ndaoine atá faoi mhíchumas, comhlachtaí poiblí, agus soláthróirí seirbhíse poiblí eile suim sna torthaí ón gcomhairliúchán mar bhaineann sé le tuiscint níos fearr a fháil maidir leis na dúshláin agus na tosaíochtaí atá ag leanaí agus daoine óga uathacha.

## 2. Modheolaíocht

### 2.1 Earcaíocht

Bailíodh eolas don chomhairliúchán seo trí ghrúpa fócais agus trí agallaimh aonair. D'oibrigh an fhoireann chomhairliúcháin i gcomhar leis an Roinn chun leanaí agus daoine óga a earcú chun páirt a ghlacadh. Rinneadh teagmháil le scoileanna agus le tuismitheoirí ar bhonn comhoibríoch chun cineál an chomhairliúcháin a mhíniú agus chun a dtacaíocht a lorg. Moladh go ndéanfaí teagmháil leis na rannpháirtithe trí shuímh a bhí bunaithe cheana féin, mar shampla, scoileanna.

D'oibrigh an fhoireann chomhairliúcháin le grúpa beag de dhaoine óga chun bileog eolais a chruthú a i bhformáidí soléite agus i mBéarla simplí, foirm léirithe spéise, agus scéal grianghraif le haghaidh leanaí níos óige (Aguisíní 1, 2, 3, 4). Chomh maith leis seo, forbraíodh foirmeacha eolais agus ceadaithe le haghaidh tuismitheoirí/caomhnóirí (Aguisín 5 agus Aguisín 6).

Thug baill foirne na scoile nó tuismitheoirí tacaíocht do na leanaí agus na daoine óga i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar an eolas comhairliúcháin agus an fhoirm léirithe spéise a chur i gcrích. Tugadh an rogha do na leanaí agus na daoine óga uile agallamh aonair a dhéanamh dá mb'fhearr leo seo ná grúpa fócais. Cuireadh sonraí na n-agallamh agus an ghrúpa fócais in iúl do na leanaí agus na daoine óga trí bhaill foirne na scoile nó thuismitheoirí. Reáchtáladh na hagallaimh agus an grúpa fócais ag amanna éagsúla agus in áiteanna éagsúla ab fhearr leis na leanaí agus na daoine óga.

### 2.2 Méid sampla agus próifíl rannpháirtí

Aontaíodh ar mhéid sampla idir 8–12 leanaí agus daoine óga uathacha ag an tús. Ba í an aidhm leanaí agus daoine óga idir 8 agus 18 bliana d'aois a chuimsiú. D'aontaigh an fhoireann chomhairliúcháin agus an Roinn gur cheart go mbeadh ionadaíocht ó leanaí in aois bunscoile agus meánscoile araon, agus ó leanaí a bhfuil cónaí orthu i suímh thuaithe agus uirbeacha araon.

Ar an iomlán, ghlac 13 leanbh agus duine óg páirt. Reáchtáladh grúpa fócais amháin i meánscoil phríomhshrutha i gCúige Laighean. Ghlac naonúr duine óg páirt sa ghrúpa seo. Reáchtáladh ceithre agallamh aonair – dhá cheann le leanaí a bhíonn ag freastal ar ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha (aois bunscoile) agus dhá cheann le leanaí a bhíonn ag freastal ar scoileanna speisialta (aois meánscoile). Reáchtáladh dhá agallamh ar an láthair agus dhá agallamh ar líne. Ba as contaetha Dhún na nGall, Cheatharlach, Bhaile Átha Cliath, agus Chill Mhantáin iad na leanaí.

Tugtar achoimre ar aois agus inscne na rannpháirtithe i dTábla 2.1.

**Tábla 2.1 Raon aoise na rannpháirtithe**

| Raon aoise | Fireann | Baineann | Líon iomlán na rannpháirtithe |
|---|---:|---:|---:|
| 8–12 bliana d'aois | 1 | 1 | **2** |
| 13–15 bliana d'aois | 5 | 2 | **7** |
| 16 bliana d'aois+ | 2 | 2 | **4** |
| **Iomlán** | **8** | **5** | **13** |

## 2.3. Cead

Chloígh an fhoireann chomhairliúcháin le dea-chleachtas maidir le dul i gcomhairle le leanaí agus le daoine óga, agus le caighdeáin eiticiúla a chomhlíonadh.

Dearadh na hábhair eolais faoin bpróiseas comhairliúcháin d'fhonn na nithe seo a leanas a chinntiú:

- Gur thuig na rannpháirtithe ábhar an chomhairliúcháin
- Gur thuig na rannpháirtithe príomheolas faoin ghrúpa fócais nó faoin agallamh
- Gurbh eol do na rannpháirtithe go raibh sé de rogha acu páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh
- Gur thuig na rannpháirtithe gurbh fhéidir leo a n-intinní a athrú ag am ar bith.

Tugadh an deis do na leanaí agus na daoine óga, agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, athbhreithniú a dhéanamh ar eolas an chomhairliúcháin, ceisteanna a chur, agus teagmháil a dhéanamh leis an bpríomh-éascaitheoir roimh an ngrúpa fócais nó an agallamh. Rinneadh cead chun páirt a ghlacadh a mheas ar bhonn leanúnach. Threoraigh tuairimí an éascaitheora maidir le cumarsáid chainte agus cumarsáid neamhbhriathartha an linbh/duine óg, chomh maith le tuairimí na mball foirne/dtuismitheoirí, na foirne i dtaca le cead na leanaí agus na ndaoine óga dá rannpháirtíocht. Dá mbeadh ann d'aon amhras faoi chead rannpháirtíochta de chuid linbh nó duine óg, níor cuireadh san áireamh iad.

Ag tús an ghrúpa fócais nó gach agallamh, rinne an t-éascaitheoir cinnte go raibh gach leanbh/duine óg fós ag iarraidh páirt a ghlacadh. Cuireadh in iúl do rannpháirtithe gurbh fhéidir leo sos a ghlacadh nó an t-agallamh/grúpa fócais a fhágáil ag am ar bith.

### 2.4. Bailiú eolais

D'fhorbair an fhoireann chomhairliúcháin treoir ábhair don ghrúpa fócais agus na n-agallamh i gcomhar leis an Roinn. Bunaíodh seo ar na téamaí agus na ceisteanna leathana a ardaíodh sa suirbhé ar líne faoin dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

D'fheidhmigh an treoir ábhair mar chreat le haghaidh na gcomhráite. Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna le haghaidh na n-agallamh agus an ngrúpa fócais:

- Cad é do bharúil faoin dréachtstraitéis Nuálaíochta um Uathachas?
- Cén réimsí faoin Straitéis atá tábhachtach duit i do shaol laethúil?
- An mbíonn dúshláin nó bacainní agat i do shaol laethúil?
- Cén eolas ar cheart a bheith ag daoine faoin uathachas, dar leat? Cén teachtaireachtaí a dtabharfá tús áite dóibh i bhfeachtas poiblí maidir le huathachas?

Mhair na grúpaí fócais 90 nóiméad. Bhí duine amháin den bhaill foirne i láthair chun tacaíocht bhreise a thabhairt do na rannpháirtithe. Bhí taithí ag na daoine óga maidir le huathachas a phlé agus a dtaithí saoil a roinnt i bpobal a scoile. Bhí cúpla tionscnamh curtha i gcrích acu freisin chun daoine a chur ar an eolas faoin uathachas. Ag druidim ar dheireadh an ghrúpa fócais, d'iarr na daoine óga ar thuilleadh ama le cinntiú go mbeadh deis acu a ndearctaí agus a smaointe uile a chur in iúl. Chuir siad a dtuairimí agus a smaointe in iúl le díograis agus le muinín. Bhí a bhformhór acu ar bís leis an deis a bheith acu páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán. Tugadh an deis dóibh ríomhphost a sheoladh chuig an éascaitheoir nó glao a chur air/uirthi má cheap siad nach bhfuair siad an deis a bpríomhphointí uile a chur in iúl, nó má chuimhnigh siad ar rud éigin tábhachtach tar éis an seisiún grúpa fócais.

Mhair na hagallaimh aonair idir 25 agus 45 nóiméad. Chuir beirt duine óg na hagallaimh i gcrích ar a gconlán féin. Fuair beirt eile tacaíocht óna dtuismitheoirí nó óna siblíní chun cuimhneamh ar eolas agus chun an t-eolas sin a roinnt. Aontaíodh ar seo toisc go mbeadh sé deacair do na daoine seo iad féin a chur in iúl le duine coimhthíoch. Thacaigh baill teaghlaigh leis an leanbh/duine óg i dtaca lena s(h)uimeanna, a roghanna, agus a t(h)aithí saoil féin a roinnt. I gcásanna áirithe, rinneadh é seo le cabhair ó ghrianghraif agus ó phríomhearraí. Bhí agallamh amháin ann inar thug baill teaghlaigh samplaí sonracha chun tacú leis an duine óg cur síos a dhéanamh ar a t(h)aithí saoil féin agus chun príomhghníomhaíochtaí a shainaithint. Le linn an

agallaimh, bhíodh dearcthaí an linbh/duine óg, seachas dearcthaí a b(h)all teaghlaigh, lárnach.

Bhí beirt rannpháirtithe sna hagallaimh arbh úsáideoirí Cumarsáid Bhreisitheach agus Malartach iad, go sonrach teanga chomharthaíochta Lámh agus gléas cumarsáide. Fuair siad tacaíocht ón éascaitheoir i dtaca le húsáid a bhaint as an dá ghléas seo.

Ba bheag an taithí a bhí ag na daoine a ghlac páirt sna hagallaimh aonair i dtaca le páirt a ghlacadh i gcomhairliúcháin.

Bhí na sonraí a bailíodh comhdhéanta de thaifeadtaí fuaime, nótaí scríofa, agus anailís chuimhne bunaithe. Stóráladh na sonraí uile ón tionscadal go slán agus i gcomhréir le beartais chosanta agus stórála sonraí.

Ní bhaintear úsáid as aitheantóirí pearsanta nó aitheantóirí eile sa tuairisc seo. Baineadh úsáid as cóid le haghaidh na rannpháirtithe le linn na hanailíse sonraí. Stóráladh an t-eolas códaithe as féin ó na sonraí agus scriosadh é chomh luath is a cuireadh an anailís i gcrích. D'ullmhaigh cúntóir taighde nótaí agus sheiceáil an príomhéascaitheoir iad in athuair le cinntiú nach raibh ann d'aon eolas aitheantais. Scriosadh taifeadtaí fuaime de na grúpaí fócais chomh luath is a cuireadh na nótaí scríofa i gcrích.

Eagraíodh na sonraí agus rinneadh códú láimhe orthu. Cuireadh na príomhthorthaí i dtoll a chéile agus tugadh achoimre orthu.

# 3. Na gníomhaíochtaí is tábhachtaí sa dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas

Níorbh fhéidir na gníomhaíochtaí uile sa dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a phlé le linn an ghrúpa fócais agus na n-agallamh. Roghnaigh an t-éascaitheoir roinnt réimsí agus gníomhaíochtaí ábhartha chun plé a dhéanamh orthu. Chomh maith leis seo, d'ardaigh na leanaí agus na daoine óga ceisteanna agus gníomhaíochtaí atá tábhachtach dóibh, lena gcuirtear síos ar a dtaithí saoil, agus mhínigh siad an fáth go bhfuil na gníomhaíochtaí seo lárnach i dtaca le caighdeán na beatha maith dóibh agus do dhaoine uathacha eile.

Shainaithin na daoine óga a bhíonn ag freastal ar mheánscoil phríomhshrutha dúshláin shonracha maidir le curaclam na scoile, tacaíochtaí le haghaidh Scrúduithe Stáit, rochtain ar thacaíochtaí le haghaidh oideachas breise agus ardoideachas, steiréitíopaí maidir le huathachas a bhainistiú, caidrimh a thógáil, agus easpa rochtana ar thacaíochtaí meabhairshláinte. Bhí suim ar leith acu i bhfeachtas feasachta poiblí maidir le huathachas. Thacaigh siad go láidir le forbairt na Straitéise Nuálaíochtaí um Uathachas; d'aontaigh siad le roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí sa dréacht-Straitéis; agus bhí siad an-díograiseach chun cur leis an bpróiseas forbartha.

> "Ceapaim gur rud iontach maith atá ann go mbeidh an straitéis seo againn…agus is fearr arís é go bhfuiltear ag iarraidh orainn a bheith mar chuid di."

I gcomparáid leis seo, thuairiscigh rannpháirtithe ó scoileanna agus ranganna speisialta, agus na daoine a thacaíonn leo, dúshláin maidir le scileanna foirne agus tuiscint i dtaca le huathachas; rochtain ar theicneolaíocht agus ar thacaíochtaí cumarsáide; timpeallachtaí inrochtana; rochtain ar thacaíochtaí teiripe; deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fiúntacha; agus eolas agus tacaíochtaí le haghaidh teaghlach. Cé gur chuir na daoine a thacaíonn leo fáilte roimh an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas, leag siad béim ar an ngá le go léirítear na dúshláin a bhíonn ag gach duine uathach sa tsochaí sa Straitéis, agus ní hamháin iad siúd ar féidir a riachtanais a chur in bhfocail.

Tá ceithre cholún sa dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. Cuireadh an t-eolas a bailíodh i dtoll a chéile agus eagraíodh é faoi gach ceann de na colúin seo agus cuireadh é le gníomhaíochtaí sonracha nuair ab fhéidir. Baineadh úsáid as sleachta cainte chun guth na rannpháirtithe a chur in iúl. Cuireadh in iúl é nuair is ó thuismitheoir nó thacadóir a thagann na sleachta cainte.

## 3.1 Colún 1: Sochaí dhearfach ó thaobh uathachais de

Faoin gcolún seo, shainaithin na rannpháirtithe na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chinn atá tábhachtach dóibh:

- **Beidh feachtas againn chun cabhrú leis an bpobal maidir le huathachas a thuiscint. Cabhróidh daoine uathacha leis an bhfeachtas seo a dhearadh.**

Bhí tacaíocht láidir ann don ghníomhaíocht seo. D'oibrigh cúpla rannpháirtí ar fheachtais ina meánscoil chun feasacht agus tuiscint i dtaca le huathachas a fhorbairt. Thug siad faoi deara gur tacaíodh le daltaí uathacha eile leis na feachtais seo i dtaca le tréithe an uathachais a aithint, chun a bhfreagairt do chúinsí agus d'eachtraí a thuiscint, chun ceisteanna a chur, agus chun tacaíocht a iarraidh. Bhí dóchas acu go bhféadfaí go mbeadh torthaí cosúil leis seo ag feachtas poiblí.

Mhol roinnt daoine óga gur cheart go mbeadh níos mó eolais faoin uathachas do leanaí sna bunscoileanna:

> "Níor fhoghlaim mé tada faoin uathachas sa bhunscoil…ní raibh ann ach gur cuireadh i ngrúpa muid."

> "Dúradh liom go raibh Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde orm agus bhog gach duine ar aghaidh, níor oibrigh mé amach go raibh uathachas orm go dtí an chéad bhliain sa mheánscoil."

> "Dúirt mo Mhamaí liom go raibh uathachas orm agus mé thart ar 10 mbliana d'aois…agus cheap mé go raibh ciall leis mar sin go raibh mé i dtacaíocht foghlama…tá ciall leis sin, sin an fáth go bhfuil muid ag foghlaim faoin gcaoi ár mothúcháin a rialú."

- **Tacóimid le clár oiliúna maidir le huathachas ar mhaithe le baill foirne a bhíonn ag obair le daoine uathacha. Beidh sé seo ann le haghaidh baill foirne uile FSS agus eagraíochtaí cúraim shóisialta.**

Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an ngníomhaíocht seo le haghaidh leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais níos coimpléascaí acu. Tá sé tábhachtach gur féidir le baill foirne dul i ngleic leis na riachtanais seo, agus go bhfuil an t-eolas agus na scileanna acu chun na tacaíochtaí is fearr a thabhairt do leanaí uathacha, mar shampla, mar a bhaineann sé le riachtanais chumarsáide, teicneolaíochta, céadfacha, nó mheabhairshláinte. Dúirt tuismitheoirí go mbíonn sé deacair tacaíocht mhaith a thabhairt dá leanbh, in easnamh gairmithe oilte.

> "Mar thuismitheoir, is maith is eol duit an chaoi a gcaitheann an saol mór le do leanbh…in easnamh eolas a bheith againn ar an uathachas is féidir gur mó an dochar na an maitheas a dhéanfaimis. Bhí gá againn le gairmithe dár dtreorú, ach ní raibh fáil orthu nó ní raibh go leor eolais faoin uathachas ag na cinn a raibh fáil orthu… Ní mór go mbeidh a fhios ag teaghlaigh cén chaoi le teacht ar ghairmithe agus tacaíochtaí uathachais…daoine a bhfuil fíorthuiscint acu ar an uathachas." (*tuismitheoir de chuid duine uathach)*

- **Cuirfimid daoine ar an eolas faoi, agus tabharfaimid oiliúint ar an Treoir Dhea-Chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas.**

> "Ó, a Dhia, sea…tá géarghá leis seo."

Mhol rannpháirtithe go gcuirfí an oiliúint seo ar fáil do phríomhoidí scoile, múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, agus do dhaltaí eile. Mhol duine óg amháin gur cheart go mbeadh an bhéim ar threoirlínte seachas ar oiliúint. Ní bheadh sé seo chomh saintreorach nó 'greanta i gcloch'. Dúirt rannpháirtithe gur mhaith leo dá mbeadh daltaí uathacha rannpháirteach san oiliúint.

> "Is féidir le daltaí cabhrú le múinteoirí é seo a chur i bhfeidhm, is eiseamláirí den scoth muid…is féidir linn a thaispeáint an chaoi ar féidir le múinteoirí agus daltaí oibriú i gcomhar le chéile le go mbeidh an scoil mar áit mhaith do dhaltaí uathacha."

- **Tacóimid le smaointe agus le pleananna lena léirítear uathachas ar bhealach maith sna meáin.**

Bhí tóir ar an ngníomhaíocht seo i measc daoine óga uathacha i meánscoil phríomhshrutha.

> "Sea, cinnte…tabhair beagáinín aitheantais do dhaoine uathacha ar a laghad…gan bolscaireacht ar bith."

> "Is é an léiriú den uathachas is mó a chuireann na meáin suim ann ná na codanna is tromchúiseacha agus, mar sin, d'fhéadfaí go mbeadh sé deacair an ghníomhaíocht seo a bhaint amach i ndáiríre…dá mbeadh siad chun rud éigin ní ba dhearfaí lena mbaineann níos lú dráma, is dócha go bhféadfaí duine éigin eile a bheith i gceist."

Chuir roinnt daltaí imní in iúl gur féidir le híomhá nó le físeán a scaipeadh go forleathan ar an Idirlíon, agus é eagraithe ar mhaithe leis an ngreann, tar éis do chlár teilifíse daoine uathacha a léiriú. Rinne siad cur síos ar an tionchar a bhíonn aige seo ar a bhféinmhuinín.

> "Bhíodh ann do chláir a raibh uathachas iontu a rinneadh méid méimeanna as cuimse astu ina ndiaidh, toisc go léiríonn siad comharthaí an uathachais…is fuath liom é…cuireann sé in ísle brí mé."

Cheap na rannpháirtithe go mbeadh sé dearfach dá mbeadh carachtar uathach i gclár teilifíse, ach gan an uathachas a bheith ag croílár a róil. Chuir siad a rogha in iúl le go mbeadh aisteoirí uathacha i róil na gcarachtar uathacha. Mura bhfuil uathachas ar an aisteoir, ba cheart go mbeadh miontaighde déanta acu ar an ról. Chomh maith leis seo, ba mhaith leis na rannpháirtithe tuilleadh daoine uathacha a mbíonn cláir raidió, theilifíse, phodchraoltaí etc. á gcur i láthair acu a fheiceáil.

> "Is deas an rud é ionadaíocht a bheith agat, sin a cheapaimse."

### 3.2. Colún 2: Rochtain chomhionann ar sheirbhísí poiblí

- **Léireoimid go bhfuil na riachtanais atá ag daoine uathacha mar chuid de Dhearadh Uilíoch.**

Tá tábhacht ag baint le Dearadh Uilíoch i dtaca le leanaí agus daoine óga sna timpeallachtaí a mbaineann siad úsáid astu. Go háirithe, labhair na leanaí agus na daoine óga faoi scoileanna, caiféanna, pictiúrlanna, amharclanna, óstáin ionaid fóillíochta, spáis phoiblí faoin aer – páirceanna, clóis súgartha, tránna. Mhol siad gur cheart go mbeadh na háiteanna seo uile inrochtana ag cathaoireacha rothaí. Ba cheart go gcuirfí spás, tranglam, fuaim, teocht agus aer úr uile san áireamh.

Tarraingíodh aird freisin ar an ngá le leithris inrochtana agus suímh fheistis i leithris i ngach pobal agus foirgneamh poiblí. Ní mór go n-athródh duine óg uathach amháin i gcúl charr an teaghlaigh nó ar urlár leithris toisc nach bhfuil ann d'aon áiseanna feistis iomchuí ina b(h)aile.

Ba cheart go mbeadh áiseanna feistis ag ionaid fóillíochta – mar shampla, ardaitheoirí nó spásanna níos ciúine – le haghaidh gach leanbh agus a t(h)eaghlach.

- **Tacóimid le leanaí uathacha atá ag bogadh ó shuímh luathfhoghlama agus chúraim leanaí chun na bunscoile.**

Ba phríomhghníomhaíocht í seo do roinnt leanaí agus daoine óga. Thug cuid acu faoi deara go raibh an t-aistriú ón bhunscoil chun na meánscoile i bhfad ní b'éasca ná an t-aistriú isteach sa bhunscoil. Thug duine amháin faoi deara go raibh an t-aistriú ó bhunscoil amháin go bunscoile eile deacair.

Moladh go mbíonn tacaíocht ag teastáil ó leanaí agus ó dhaoine óga lena n-imní a bhainistiú le linn na bpríomh-amanna aistrithe. Dúirt leanaí agus daoine óga go mbíonn na haistrithe níos éasca nuair atá cairde agus leanúnachas i gceist, nuair a bhíonn an Cúntóir Riachtanas Speisialta céanna acu, mar shampla. Tarraingíodh aird freisin ar chuairteanna, ar sheisiúin tosaigh, agus ar champaí mar mhodhanna cabhracha.

> "Is féidir leis an aistriú scoileanna a bheith ina eispéireas trámach...cabhraíonn sé mura bhfuil na daoine a bhíonn thart timpeall ort gach lá ag athrú freisin...cuir i gcás má aistríonn tú le do chairde nó le Cúntóir Riachtanas Speisialta a bhfuil aithne agat air/uirthi cheana féin."

> "Tháinig mé chuig an scoil seo ar chuairt lae sular bhog mé anseo. Bhí sé sin ina chabhair mhór dom. Cheap mé go raibh cur amach de shaghas éigin agam ar an áit."

- **Tacóimid le pleananna le haghaidh suímh fhoghlama lena gcuirtear fáilte roimh chách agus lena gcuimsítear iad.**

Labhair na leanaí agus na daoine óga go minic faoi thacaíocht na gCúntóirí Riachtanas Speisialta sa scoil. Cé gur aithin na daoine óga na tacaíochtaí a chuireann na Cúntóirí Riachtanas Speisialta ar fáil, labhair siad faoi na dúshláin freisin:

> "Níor mhaith liomsa Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith agam i ndáiríre, toisc gur chaith siad liom mar leanbh…tuigim gurbh leanbh mé…ach chaith siad liom amhail is gur babaí mé."
>
> "Ó am go chéile, is ionann Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith agat agus ball corp sa bhreis a bheith agat."
>
> "Níor tugadh aon rabhadh nuair a chríochnaigh mo Chúntóir Riachtanas Speisialta ag obair liom…tharla sé gan choinne."
>
> "Nuair a bhí mé ní b'óige, níor mhaith liom Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith agam ach ritheann sé liom anois agus na gníomhaíochtaí déanta gur thaitin siad liom go pointe agus tuigim an fáth go ndearna siad rudaí a chuir isteach orm…ach i láthair na huaire, táim an-bhuíoch mar, murach iad, ní bheinn san áit ina bhfuil mé anois."
>
> "Ní raibh Cúntóir Riachtanas Speisialta agam…ní raibh ann ach go raibh duine éigin sa seomra ar féidir cabhair a iarraidh air/uirthi…d'oibrigh sé sin go breá domsa."
>
> "I rang a 6, bhí Cúntóir Riachtanas Speisialta den scoth agam."

- **Féachaimid ar thacaíochtaí le haghaidh daoine uathacha le gur féidir leo páirt a ghlacadh in oideachas breise agus ardoideachas.**

> "Bheadh sé sin an-deas toisc go bhfuil an t-aistriú ón mheánscoil chun na hollscoile deacair… Níl mé ach sa dara bliain, agus tá imní orm faoin am amach romham cheana féin."

Sainaithníodh meantóirí agus treoirchomhairleoirí mar thacaíochtaí tábhachtacha san aistriú ón mheánscoil chun na hollscoile. Mhol duine óg amháin ionad ilfhreastail le haghaidh iarratas, deontas, díolúintí, agus tacaíochtaí ollscoile. Bheadh foirmeacha simplí i mBéarla ina gcabhair freisin. Tarraingíodh aird ar na scéimeanna BRA agus DARE mar thacaíochtaí dearfacha.

> "Bheadh sé iontach dá mbeadh ann d'aon áit amháin ina mbeadh an t-eolas uile atá uaim. Insíonn mo mhúinteoirí dom go bhfuil gach rud déanta agam ach bíonn scaoll ionam fós agus ag seiceáil rudaí toisc go bhfuil seacht suíomh gréasáin éagsúla agus na milliún ríomhphost agam chun cuntas a choinneáil orthu."

Moladh freisin go ndearbhófaí duit é nuair atá an páipéarachas riachtanach curtha i gcrích agat mar thacaíocht eile chun strus agus imní a laghdú.

- **Déanfaimid cinnte go mbainfear úsáid as na focail agus an friotal roghnaithe ag an bpobal uathach san earnáil phoiblí le labhairt faoi dhaoine uathacha.**

Ní raibh an oiread spéise ag na leanaí agus na daoine óga sa ghníomhaíocht seo. Bhí roghanna éagsúla acu maidir leis na focail a n-úsáidtear le labhairt faoi dhaoine uathacha. Chuir roinnt acu in iúl gurbh fhearr leo 'míchumas speictream an uathachais' toisc gur chreid siad go mbeadh coincheap an speictrim ina chabhair le daoine chun tuiscint níos fearr a chur ar réimse an uathachais. Níor mhaith leis an bhformhór acu an téarma 'neamhord'. Níor mhaith le cuid acu an téarma 'néara-éagsúil'. Cheap siad go dtagann an iomarca míchumas éagsúla faoin 'scáth-théarma' seo anois, go bhfuil sé ró-leathan, agus go mbaintear an indibhidiúlacht leis.

> "Is cuma sa diabhail faoin ngníomhaíocht seo."

> "Tá an iomarca faoi scáth an néara-éagsúlachta."

> "Bíonn sé níos éasca rudaí a mhíniú do dhaoine le téarmaí cliniciúla loma...ní maith liom néara-éagsúil liom...tá sé fada, agus níl nasc agam leis an bhfocal sin. Tá sé an-diúltach."

> "Déanta na fírinne, ní maith liom na focail shábháilte seo. Is maith liom focail loma seachas focail lena maolaítear ar rudaí...tá siad díspeagúil."

> "Cheapfá go raibh níos mó geise ag baint le huathachas ná mar atá mar gheall ar fhocail bhoga nó shábháilte cosúil le speisialta."

> "Dúirt duine éigin nach míchumas é an t-uathachas, ach gur cumas éagsúil é, ach bhí daoine ag sciotaíl aige sin...an bhfuil cumas éagsúil agat? Bhí sé díspeagúil. B'fhearr liomsa dá ndearfadh daoine uathachas."

> "Mura bhfuiltear chun aitheantas a thabhairt don uathachas mar mhíchumas creidim nach dtuigeann tú é...cuirtear bacainn ar dhaoine tascanna laethúla a chur i gcrích gan stró leis an uathachas agus má fhaighimid réidh leis an bhfocal míchumas toisc nach bhfuil daoine áirithe úsáid a bhaint as tá sé sin ceart go leor, ach ní thuigfidh daoine cé chomh uafásach agus is féidir le codanna den uathachas a bheith agus an oireadh cabhrach atá ag teastáil ó dhaoine ina leith."

> "Fiafraigh de dhaoine cén focal is fearr leo...níl fadhb agam leis sin, ach ní dóigh liom gur cheart go scriosfaí ASD."

- **Oibreoimid i dtreo thacaíochtaí teiripe níos fearr a bheith ann le haghaidh leanaí uathacha.**

Bhí comhaontú láidir ann gur gníomh tábhachtach is ea seo. Thuairiscigh roinnt leanaí agus daoine óga gur bheag an tacaíocht theiripe a fuair siad, nó nach bhfuair siad tacaíocht theiripe ar bith, seachas teiripe phríobháideach ar íoc a dtuismitheoirí aisti.

Ba chuimhin le daoine óga go bhfuair siad méid áirithe teiripe ghrúpa mar leanaí, mar shampla, teiripe urlabhra agus theanga nó teiripe shaothair. Bhí sé seo dearfach do roinnt acu, ach bhí sé deacair do roinnt eile a bheith i measc leanaí eile a raibh riachtanais níos suntasacha acu nó a raibh riachtanais i dtaca le tacaíochtaí iompair acu. Ba chuimhin le roinnt acu go raibh na seisiúin teiripe aonair cosúil le scrúdú nó ceastóireacht agus rith sé leo gur dhócha gur sheisiúin measúnaithe a bhí i gceist leo. Agus gríosú tugtha dóibh, ba chuimhin leo gur thug teiripeoirí éagsúla straitéisí dóibh chun iarracht a bhaint astu – mar shampla, straitéisí chun cabhrú le haird a choimeád nó teicnící análú chun imní a laghdú – ach cheap formhór na ndaoine óga nár oibrigh siad seo. Ba chuimhin le daoine óga gur tarraingíodh amach as an scoil iad le haghaidh seisiúin teiripe, rud a raibh tuairimí éagsúla acu faoi.

Ní raibh a fhios ag roinnt leanaí cén fáth go raibh teiripe á fáil acu nó cén chaoi a raibh sé in ainm cabhrú leo. Ba chuimhin leo freisin gur chuir sé as dóibh gur cuireadh a dtuismitheoirí ar an eolas faoi rudaí a dúirt siad i seisiúin teiripe, mar shampla, seisiún teiripe súgartha. Níor thuig siad bunús an chaidrimh linbh-teiripeora.

D'fhiafraigh daoine óga faoi sholáthar teiripí malartacha amhail teiripe cheoil, teiripe dráma, teiripe ealaíne, nó comhairleoireacht. Dúirt siad gur mhaith leo dá gcuirfí réimse theiripí níos leithne ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga uathacha.

D'fhiafraigh an t-éascaitheoir sa ghrúpa fócais de na daoine óga cé acu ar cheap siad gurbh fhéidir le duine uathach ag obair mar theiripeoir léargais nua a thabhairt. Bhí roinnt daoine óga tógtha leis an smaoineamh seo:

> "Ba mhaith liomsa a bheith i mo shíceolaí, agus mar sin tá an-suim agam sa cheist sin ar chuir tú. Is cúis mhór áthais dom é a chloisteáil go bhfuil ann do dhaoine uathacha ag saothrú leo i ngairmeacha cosúil leis seo."

Bhí imní ar roinnt daoine óga nach mbeadh na scileanna ag duine uathach le bheith ina t(h)eiripeoir, mar shampla, eolas agus tuiscint mothúchánach.

Thuairiscigh duine óg amháin go bhfuair sé/sí tacaíochtaí maidir le teiripe urlabhra agus theanga i suíomh scoile speisialta. Bhí sé seo ina chabhair dó/di maidir le triail a bhaint as gléas cumarsáide nua. Bhí baint lárnach idir rath agus an chomhroinnt eolais idir an baile, an scoil, agus an teiripeoir. Leag a t(h)eaghlach béim ar an ngá atá ann go n-oibreodh na teiripeoirí uile le chéile chun tacú leis an duine óg maidir lena spriocanna a bhaint amach.

Tharraing na daoine a thacaíonn leis na leanaí agus na daoine óga aird ar an ngá atá ann le tacaíochtaí foirne ildisciplíneacha, go háirithe le haghaidh leanaí agus daoine óga

uathacha a bhfuil riachtanais bhreise/choimphléasca acu. Ní mór do bhaill foirne uathachas agus an tionchar a bhíonn aige ar an leanbh agus a t(h)eaghlach a thuiscint. Thuairiscigh baill teaghlaigh easpa rochtana ar ghairmithe a bhfuil na cáilíochtaí cuí nó an taithí chuí acu ar féidir treoir a thabhairt dóibh maidir leis na bealaí is fearr chun tacú lena mball teaghlaigh uathach. Shainaithin siad easpa tacaíochta iar-dhiagnóis agus an gá le cosán tacaíochta soiléir.

- **Tacóimid le leanaí agus le daoine fásta uathacha maidir leis na seirbhísí meabhairshláinte cearta a fháil.**

Tharraing duine óg amháin aird ar an easpa tacaíochtaí meabhairshláinte le haghaidh cách in Éirinn, daoine uathacha san áireamh.

> "Tá an easpa an-ghéar…ba é an t-aon áit arbh fhéidir linn rochtain a fháil ar thacaíochtaí ná Jigsaw, seachas áiteanna príobháideacha a raibh costas amaideach ag baint leo."

> "Ní mór duit na tacaíochtaí meabhairshláinte a bheith agat ag an am ceart má tá uathachas ort chomh maith le himní nó neamhord éigníoch dúghabhálach (OCD) nó rud éigin mar sin…níl aon mhaitheas ag baint le bheith ar liosta feithimh…d'fhéadfaí go mbeadh sé ró-mhall faoin am go bhfaigheann tú coinne agus go mbeadh rudaí imithe thar fóir nuair ab fhéidir iad a shocrú dá mbeadh an chabhair cheart agat nuair a bhí sí ag teastáil uait."

Luaigh tuismitheoir amháin a brú sa bhreis ar theaghlaigh nuair nach féidir lena mac, n-iníon, nó siblín rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte.

> "Baineann an-chuid frustrachais leis nuair is eol duit go bhfuil cabhair ghairmiúil ag teastáil ó [ainm an linbh] maidir lena m(h)eabhairshláinte agus nach féidir leat teacht uirthi. Mothaíonn tú iontach scoite agus bíonn eagla ort nuair nach bhfuil a fhios agat cén chaoi ar féidir leat cabhrú le do leanbh." (*tuismitheoir de chuid duine uathach*)

Moladh freisin nach raibh go leor gairmithe meabhairshláinte ann a bhfuil an t-eolas ceart agus na scileanna cearta acu maidir le huathachas leis na riachtanais mheabhairshláinte sa tír seo a chomhlíonadh.

- **Tá gníomhaíochtaí againn le cinntiú gur féidir le daoine uathacha úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla córais iompair.**

Bhí córas iompair atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí tábhachtach do roinnt leanaí, daoine óga, agus teaghlach. Tarraingíodh aird freisin ar an easpa córais iompair poiblí i gceantair thuaithe agus iargúlta mar dheacracht leanúnach.

I measc na bhfadhbanna eile a d'ardaigh na leanaí agus na daoine óga maidir le córas iompair poiblí bhí busanna ró-phlódaithe, seirbhísí nach féidir brath orthu, eolas ar dheacair é a leanúint, agus iarratais taistil nach bhfeidhmíonn mar is ceart:

> "Ní féidir le daoine uathacha brath ar chóras iompair poiblí agus is rud deacair é sin dóibh."
>
> "Ní bhímse in ann déileáil leis má tá pleananna agam agus scriostar gach rud toisc nach dtagann an bus."
>
> "D'fhéadfaí le córas iompair poiblí imní a chur orm."
>
> "Ní raibh mé riamh ar chóras iompair poiblí gan mo thuismitheoirí nó mo chairde liom."
>
> "Bíonn na busanna ag athrú agus tá sé sin iontach deacair dom déileáil leis."

### 3.3. Colún 3: Pobail inrochtana, ionchuimsitheacha

- **Táimid ag iarraidh go mbeidh áiteanna cultúrtha, amhail iarsmalanna agus dánlanna, inrochtana agus go gcuirfear fáilte roimh uathachas iontu.**

Bhí comhaontú ann gur cheart go mbeadh gach áit inrochtana agus go mbeadh fáilte roimh uathachas iontu uile. D'iarr roinnt daoine óga ar thuilleadh deiseanna do dhaoine uathacha chun páirt a ghlacadh sna healaíona, mar shampla, uirlis cheoil a fhoghlaim, páirt a ghlacadh i ngrúpa amharclannaíochta ceoil, nó páirt a ghlacadh i rang damhsa. Iarradh freisin go gcuirfí tuilleadh gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu leis na healaíona ar fáil sna scoileanna. Tá gá le múinteoirí oilte agus le daoine chun tacaíocht a thabhairt le cinntiú go bhfuil na gníomhaíochtaí inrochtana ag cách.

- **Tabharfaimid tacaíocht do dhaoine óga uathacha chun úsáid a bhaint as leabharlanna. Cuirfimid na riachtanais atá ag daoine óga uathacha san áireamh agus leabharlanna poiblí á ndearadh againn.**

Bhí suim ag roinnt rannpháirtithe úsáid a bhaint as a gcuid leabharlanna poiblí agus ní raibh aon suim ag roinnt rannpháirtithe eile.

> "Tá mé ag iarraidh úsáid a bhaint as an leabharlann phoiblí, cinnte."
>
> "Tá cárta leabharlainne agam agus tá mé ag iarraidh úsáid a bhaint as. Chuaigh mé le mo dheirfiúr agus ghlac mé leabhair amach ach ba é an fhadhb ná go ndearna mé dearmad iad a thabhairt ar ais."
>
> "Bíonn sé de nós agam mo leabhair féin a cheannach mar is iondúil nach mbíonn ach roinnt bheag bhídeach ag na leabharlanna le haghaidh na leabhar a thaitníonn liomsa."

Dúirt na leanaí agus na daoine óga go gcuirfidís fáilte roimh an deis chun labhairt le daoine atá ag obair ina leabharlanna áitiúla faoi na hathruithe ar mhaith leo a fheiceáil sna leabharlanna. I measc na moltaí bhí tuilleadh spáis, áiteanna ciúine, seomraí céadfacha, agus tuilleadh leabhar a bhaineann lena sainspéiseanna.

- **Beidh cláir chumarsáide againn i gclóis súgartha poiblí.**

Bhí na leanaí níos óige tógtha leis an ngníomhaíocht seo ach go háirithe. D'aithin na leanaí níos sine an tábhachtach a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do leanaí bhalbha nó leanaí ar bheagán cainte, maidir le rochtain a bheith acu ar áiseanna, amhail clós súgartha áitiúil.

> "B'aoibhinn liom clóis súgartha agus mé i mo leanbh."

> "Is smaoineamh an-chliste iad cláir chumarsáide."

Mhínigh rannpháirtí amháin na deacrachtaí a bhaineann le húsáid a bhaint as an gclós súgartha lena siblín uathach níos óige. Rinne sí cur síos ar an chaoi ar féidir le daoine óga uathacha deacrachtaí a bheith acu mar a bhaineann sé le bheith ag fanacht chun úsáid a bhaint as threalamh sonrach sa chlós súgartha.

- **Déanfaimid cinnte go dtacófar le daoine uathacha agus go mbeidh an deis acu páirt a ghlacadh sa spórt.**

Ní raibh suim ach ag cúpla rannpháirtí sa ghníomhaíocht seo. Ligeadh cnead inchloiste sa seomra nuair a luadh an spórt.

Dúirt roinnt leanaí agus daoine óga go mbaineann siad sult as a bheith faoin aer, sa nádúr, ag dul ar shiúlóidí, ag dul ag snámh agus ag dul go dtí an bpáirc. Is maith le duine óg amháin úsáid a bhaint as cathaoireach rothaí na trá chun rochtain a fháil ar a t(h)rá áitiúil agus ar an uisce. Tá sé tábhachtach go gcuirtear san áireamh an réimse leathan gníomhaíochtaí coirp agus spórt ar mhaith le daoine uathacha páirt a ghlacadh iontu nó ar féidir leo páirt a ghlacadh iontu, don ghníomhaíocht seo. Mar shampla, d'fhéadfaí go mbainfeadh roinnt daoine sult as na heispéiris chéadfacha a bhaineann le bheith ag bogadh thart faoin aer. Mhínigh roinnt daoine óga an oiread suilt is a bhaineann siad as spóirt aonair amhail iascaireacht, marcaíocht ar chapall, clárscátáil, rothaíocht agus Taekwondo. Sainaithníodh an costas a bhaineann le spóirt aonair mar bhacainn ar rannpháirtíocht.

Bhí eispéiris mheasctha ag na leanaí agus na daoine óga maidir le páirt a ghlacadh i ceachtanna spóirt amhail ceachtanna snámha. Níor thaitin spóirt foirne lena bhformhór acu. Ghlac leanbh amháin páirt i bpeil chuimsitheach ina c(h)eantar áitiúil. Bhí leanbh eile mar bhall d'fhoireann gleacaíochta. Shainaithin daoine óga an t-ionad aclaíochta mar thimpeallacht dheacair do dhaoine uathacha.

D’aithin na daoine óga sa ghrúpa fócais go bhfuil sé tábhachtach fanacht gníomhach agus aclaíocht a dhéanamh. Fiafraíodh díobh cén chaoi a d’fhéadfadh muid tuilleadh daoine uathacha a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa spórt. I measc na moltaí bhí:

- Imeachtaí a bhfuil spriocanna sonracha bainteach leo, mar shampla, réiteach ar mhaithe le rith 5 ciliméadar
- Cóitseálaithe spórt leis an meon ceart agus na scileanna cearta chun leanaí agus daoine óga uathacha a mhúineadh
- Tacaíocht airgeadais chun costas na spórt aonair a chlúdach
- Grúpaí dírithe ar an uathachas le haghaidh gníomhaíochtaí spórt áirithe
- Oideachas maidir le huathachas le haghaidh comhimreoirí

### 3.4. Colún 4: Acmhainn a fhorbairt agus féinabhcóideacht

- **Tacóimid le daoine atá ag obair in earnáil an oideachais, na sláinte agus an chúraim shóisialta chun foghlaim faoin teicneolaíocht agus an chaoi ar féidir léi tacú le leanaí uathacha.**

> “Inár scoil, ceapaim go bhfuil eolas measartha maith acu cheana féin agus is eol dóibh cad atá le déanamh acu chun cabhrú linn…is dócha go mbeadh beagáinín níos mó ag teastáil uathu.”

Sa ghrúpa fócais, bhí na rannpháirtithe sásta le soláthar reatha na teicneolaíochta.

I measc rannpháirtithe i suímh scoileanna speisialta, cuireadh béim ar thábhacht na teicneolaíochta chun tacú leis an gcumarsáid. Is gá go mbíonn fáil ar theicneolaíocht ar fud na dtimpeallachtaí éagsúla a mbaineann leanaí agus daoine óga úsáid astu, agus is gá go mbaintear úsáid sheasmhach aisti. Mhínigh tuismitheoir amháin:

> “Ní mór dúinn go n-aontaíonn na teiripeoirí agus na múinteoirí uile a bhíonn ag obair le mo leanbh úsáid a bhaint as an bpíosa teicneolaíochta céanna chun tacú lena c(h)umarsáid. Tá comhsheasmhacht ag teastáil uainn…ní mór don teaghlach a bheith mar chuid den chomhrá agus ní mór do ghairmithe tacú linn má dhéanann muid cinneadh i dtaca le triail a bhaint as cineál teicneolaíochta…gan iad a bheith den tuairim gurbh fhearr a mbealach féin i gcónaí…Tá sé ríthábhachtach go mbeidh gach duine ar bord.” (*tuismitheoir de chuid duine uathach*)

> “Bainim úsáid as m’iPad agus m’aip chun labhairt le daoine. Tá sé an-tábhachtach dom go bhfuil gach duine eolach faoi agus go gcabhraíonn siad liom é a úsáid.”

- **Beidh suíomh gréasáin nua de chuid FSS againn le heolas faoin uathachas. Leis seo, tabharfar tacaíocht agus eolas do dhaoine uathacha agus dá dteaghlaigh.**

Leag baill teaghlaigh, leanaí a thugann tacaíocht agus daoine óga béim ar an ngá le heolas ar chaighdeán maith. Mhol daoine óga agus baill teaghlaigh araon go bhféadfaí go mbeadh líne ghutháin náisiúnta ina cabhair chun ceisteanna ginearálta a fhreagairt agus chun tacú le daoine maidir le rochtain a fháil ar eolas faoin uathachas. I measc na gcineálacha eolais ar cheap rannpháirtithe go mbeadh siad úsáideach, bhí:

- Tréithe an uathachais agus iad a bhainistiú
- An chaoi ina bhféachann daoine uathacha ar an saol mór
- An chaoi le measúnú uathachais a fháil
- Cá háit ar féidir teacht ar ghairmithe a bhfuil scileanna acu maidir le huathachas
- Líonraí tacaíochta le haghaidh teaghlach
- Feasacht agus tuiscint ar an uathachas le haghaidh gairmithe
- Acmhainní comhroinnte, amhail tacaíochtaí radhairc
- Forbairtí agus taighde nua ar an uathachas
- Seirbhísí agus áiteanna inrochtana le haghaidh daoine uathacha ar fud na tíre.

- **Déanfaimid taighde ar na bealaí is fearr chun seirbhísí poiblí a thabhairt do dhaoine uathacha gan urlabhra.**

Sa ghrúpa fócais, rinne na daoine óga cur síos ar sheirbhísí poiblí mar ‘callánach’ agus ‘gnóthach’. Tugadh faoi deara go mbíonn cosantóirí cluaise ina gcabhair do roinnt daoine uathacha. Mhínigh na leanaí agus na daoine óga go mbíonn sé deacair dóibh cabhair a lorg in áiteanna poiblí.

Sainaithníodh timpeallachtaí agus eolas inrochtana mar thacaíochtaí tábhachtacha le haghaidh daoine uathacha agus iad ag baint úsáid as seirbhísí poiblí. Tarraingíodh aird ar na rudaí seo a leanas mar bhealaí chun cabhrú le daoine uathacha gan urlabhra nó a bhfuil tacaíochtaí cumarsáide ag teastáil uathu teagmháil a dhéanamh le seirbhísí poiblí:

- Spáis chéadfacha agus chiúine
- Straitéisí chun cabhrú le daoine uathacha maidir le scuainí a sheachaint
- Baill foirne measúil a bhfuil tuiscint acu ar an uathachas
- Baill foirne a éisteann, a aithníonn riachtanais, agus atá sásta athruithe a dhéanamh nuair a insíonn an duine nó na daoine a thacaíonn leo cén chaoi ar féidir leo a seirbhís a sholáthar i mbealach níos fearr

- Baill foirne atá sásta cumarsáid a dhéanamh le daoine i mbealaí éagsúla, mar shampla, trí úsáid a bhaint as comharthaí Lámh, grianghraif agus pictiúir, nó físeáin chun eolas a roinnt.

## 4. Na rudaí ar gá don phobal a bheith ar an eolas fúthu maidir le huathachas

D'fhreagair na leanaí agus na daoine óga an cheist seo go fonnmhar agus chuir siad roinnt smaointe chun tosaigh maidir leis an bpríomhtheachtaireacht a bheadh ag feachtas poiblí faoin uathachas. Fuair cuid de na leanaí agus daoine óga tacaíocht ó thuismitheoirí nó ó bhaill foirne lena bpríomhtheachtaireachtaí a shainaithint. Bhain leanbh amháin úsáid as a p(h)as cumarsáide chun labhairt leis an éascaitheoir faoi rudaí a chabhraíonn leis/léi teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

Chuir roinnt de na leanaí agus na daoine óga frustrachas in iúl maidir le steiréitíopaí faoin uathachas agus faoi dhaoine uathacha a léirítear sna meáin agus maidir le míthuiscintí faoin uathachas.

> "Tá dearcadh an phobail faoin uathachas as riocht...ceapann siad má tá uathachas ort go mbíonn tú gan urlabhra... ní thuigeann siad gur féidir leat beagáinín uathachais a bheith ort."
>
> "Ó am go chéile, bíonn mearbhall ar an bpobal nó bíonn siad ar easpa eolais... is cuimhin liomsa nuair a d'inis mé do mo chairde go raibh uathachas orm, go ndúirt siad nach raibh an chuma orm go bhfuil uathachas orm...tá uathachas ar mo chol ceathrar agus is aoibhinn leis traenacha agus tá sé go hiomlán gan urlabhra...agus tugaim le fios 'Ní maith liomsa traenacha agus níl mé gan urlabhra ach tá uathachas orm'...agus tugann siadsan le fios, 'bhuel, ní dóigh liom é' agus cuireann sé sin an-fhearg orm."
>
> "Tá steiréitíopa láidir ann nach maith le gach duine uathacha comhluadar. Níl fírinne ar bith leis seo...níl ann ach gur miotas atá i gceist; is féidir linn an-sult a bhaint as comhluadar."
>
> "Creideann roinnt daoine go mbíonn cuma áirithe ar gach duine uathach."
>
> "Tá míthuiscint ann nach féidir le gach duine uathach breathnú sa tsúil ort...rinneadh an diagnóisiú mícheart orm ar feadh seacht mbliana toisc gurbh fhéidir liom breathnú sa tsúil ar dhaoine agus nach raibh mé gan urlabhra."
>
> "Bíonn daoine ag súil le go mbeidh iompair áirithe ag daoine uathacha amhail buille a dhéanamh le do lámha, a bheith ag léimneach suas agus síos, nó scairt a ligean agus rudaí eile cosúil leis sin."
>
> "Ó am go cheile, déanann daoine talamh slán de rudaí agus ní aithníonn siad na fíor-riachtanais atá ag daoine uathacha." (*tuismitheoir duine óg uathach)*

Mhol na leanaí agus na daoine óga gur cheart go dtabharfaí eolas maidir le tréithe an uathachais in aon fheachtas poiblí, go dtabharfaí aghaidh ar na steiréitíopaí leis, go

míneofaí iompair féin-spreagúla agus an fáth do dtarlaíonn siad, go míneofaí go bhféadfaí go roghnódh daoine uathacha iad féin a chur in iúl i mbealaí éagsúla, agus uathachas a chur chun cinn i mbealach dearfach. Ba cheart go molfaí le feachtas poiblí bealaí praiticiúla gur féidir leis an bpobal tacú le daoine uathacha.

> “Bheadh sé maith dá bhféadfadh daoine iad féin a shamhlú mar dhaoine uathacha agus na daoine a thacaíonn leo.”

Ba cheart go ndearfadh daoine uathacha an feachtas agus go mbeadh siad mar cheann feadhna air, agus go mbeadh daoine uathacha agus a gcairde, a mbaill teaghlaigh, agus daoine tábhachtacha eile ina saol le feiceáil ann.

Ba cheart go mbeadh scéalta pearsanta ó dhaoine uathacha mar chuid de. Ba cheart go mbeadh daoine ar aoiseanna éagsúla agus a bhfuil próifílí éagsúla le feiceáil ann. Rinne roinnt daoine óga cur síos ar an gcaoi ar roinn siad a d(h)iagnóis uathachais le daoine eile:

> “Ní raibh mé ag iarraidh go mbeadh a fhios ag daoine mar ní raibh mé ag iarraidh go n-athróidís an dearcadh nó an tuairim a bhí acu i mo leith...níor chuir mé mo chairde ar an eolas faoi go dtí i mbliana agus bhí siad go breá faoi. Bhí a fhios acu go raibh imní orm i rith an ama, agus tugann siad an-chuid cabhrach dom anois.”

> “Bhí mé iontach oscailte faoin uathachas a bheith orm...ceapaim mura bhfuil siad ceanúil orm toisc go bhfuil uathachas orm gurbh fhearr dúinn é sin a fháil amach as an mbealach ag an tús...mura bhfuil siad ceanúil orm, níl siad ceanúil orm... tá uathachas orm, is cuma.”

Léirítear leis na sleachta cainte seo a leanas guthanna na rannpháirtithe, agus tugtar achoimre ar na smaointe i dtaca le príomhtheachtaireacht le haghaidh feachtas glactha agus tuisceana faoin uathachas ón ghrúpa fócais agus na hagallaimh:

- “Ní hionann uathachas agus rud éigin ar féidir leat a fheiceáil i nduine éigin...ní athraíonn sé an chuma atá ort.”
- “Baineann uathachas leis an inchinn...d’fhéadfaí go mbeadh cabhair uait i dtaca le rudaí a phróiseáil agus [go mbeadh] bealaí oibre éagsúla [agat].”
- “Is míchumas é uathachas agus ní rogha a bhaineann le do stíl mhaireachtála.”
- “Tá tréithe uathachais éagsúla ann.”
- “Ní bhíonn na tréithe uathachais uile ag gach duine a bhfuil uathachas orthu.”
- “Is duine éagsúil agus uathúil é gach duine a bhfuil uathachas orthu.”
- “Beidh taithí éagsúil ar an uathachas ag gach duine.”

- "Ní maith le daoine áirithe a bhfuil uathachas orthu comhluadar, agus is aoibhinn le cuid acu comhluadar, bíonn cuid acu righin, agus ceapann cuid acu 'ó, seo athrú, tá sé sin go breá', ...is féidir leo a bheith neamhchosúil óna chéile."
- "Tá speictream ollmhór ann."
- "Bheadh sé maith dá ndéanfadh daoine iarracht féachaint ar an saol mór ó shúile dhuine uathach."
- "Is féidir le daoine uathacha sainspéis a bheith acu in ábhar áirithe nó i gcuid ar leith d'ábhar" / "D'fhéadfaí go mbeadh tuiscint an-mhaith ag daoine uathacha ar ábhar áirithe" / "D'fhéadfaí go mbeadh dúspéis ag aoine uathacha in ábhar áirithe" / "Is féidir le daoine uathacha a bheith an-phaiseanta faoi rud éigin."
- "Ní rud é uathachas lena mbaintear anuas muid go hiomlán...níl ann ach gur rud é lena mbíonn beagáinín cabhrach ag teastáil uainn ina leith."
- "Ná bí ag caitheamh anuas orm toisc go bhfuil uathachas orm."
- "Ná bí ag magadh faoi dhaoine nó ag déanamh tromaíocht orthu toisc go bhfuil uathachas orthu."
- "Ná bain úsáid as an bhfocal 'uathachas' mar mhasla."
- "Ní bhíonn gach duine uathach cosúil le Sheldon Cooper."
- "Ní bhíonn clistí néarógacha ag gach duine uathach."
- "Má bhíonn deacrachtaí agam mé féin a chur in iúl, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil mé ag iarraidh amhlaidh a dhéanamh, nó nach bhfuil tada le rá agam...níl ann ach go bhfuil beagáinín níos mó ama uaim."
- "Is féidir le daoine uathacha atá réamhbhriathartha nó gan urlabhra a bheith an-sásta agus an-sult a bhaint as comhluadar."
- "D'fhéadfaí go mbeadh stad sa chaint ag daoine uathacha mar chuid dá gcumarsáid."
- "Ní bhíonn i gceist le hiompair ach bealach chun iarracht a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh le daoine."
- "Is féidir le daoine uathacha a gcuid roghanna agus cinntí féin a dhéanamh" / "Is féidir le daoine uathacha a gcinntí a chur in iúl i mbealaí éagsúla."
- "Ní féidir le gach duine cloígh le caighdeáin na sochaí. Tá caighdeáin éagsúla ó dhaoine néaraitipiciúla ag roinnt daoine uathacha. Tá cúiseanna maithe acu leis seo."
- "Má deirim nó má dhéanaim rud éigin míchuí, ní bhíonn sé ar intinn agam a bheith maslach...ní rud pearsanta é...d'fhéadfaí go labhróinn i dtús báire agus go

smaoineoinn faoi ina dhiaidh...má iarann daoine mó thuairim orm déarfaidh mé é go lom agus ó am go chéile maslaítear daoine leis seo...ná cuir ceist orm mura bhfuil tú ag iarraidh barúil mhacánta."

- "D'fhéadfaí go mbeadh cuma neamhchairdiúil ar dhaoine uathacha agus gur cuma leo nuair is í a mhalairt atá fíor i ndáiríre."
- "Is féidir le daoine uathacha a bheith lom, ach ní bhíonn sé ar intinn acu a bheith drochbhéasach."
- "Ní bhíonn sé i gceist agam brú isteach ort...níl ann ach go bhfuil mé ag iarraidh a bheith cairdiúil nó nach dtuigimse...nó má sheolaim an iomarca téacsanna...is dócha go gcreideann muid gur rud normálta é sin."
- "Ná brú isteach orm."
- "Ní mór dúinn uile a bheithe foighneach lena chéile."
- "Tá sé ceart go leor é a chur i gcuimhne dúinn má tá muid ag sárú cuid cainte duine eile...ach bí cineálta sa chaoi ina ndeir tú é."
- "Is mór agam é nuair a deir daoine liom go bhfuil rud á dhéanamh agam a chuireann as dóibh...mar shampla, abair 'ar féidir leat gan sin a dhéanamh' mar beidh mé in ann ansin úsáid a bhaint as sin agus é a chur i liosta agus é a chur de ghlanmheabhair...chomh fada is atá sé réasúnta go leor gur féidir liom é a leanúint...chuir cara liom a dteorannacha in iúl agus chabhraigh sé sin go mór liom sa chaidreamh."
- "Is féidir le daoine uathacha laethanta maithe agus droch laethanta a bheith acu...ní gá gurb ionann an chaoi ina raibh mé inné agus an chaoi ina bhfuil mé inniu, nó fiú má láimhseáil mé rud éigin inné ní hionann sin agus a rá gur féidir liom amhlaidh a dhéanamh inniu."
- "Má thagann athrú ar an ngnáthamh nó ar phleananna atá ar na bacáin, cuir ar an eolas mé, le do thoil...is fuath liom é nuair a athraíonn rudaí...is féidir le rudaí ar nós athrú aimsire a bheith deacair dom fiú...ná tar aniar aduaidh orm le rudaí."
- "Ó am go chéile, bíonn ligint scíth ag teastáil ó dhaoine agus sos a fháil ó chúrsaí an tsaoil."
- "Bíonn deacrachtaí ag roinnt daoine uathacha a bheith in áiteanna gnóthacha nó plódaithe."
- "Bímse trína chéile...cuireann áit chéadfaí ar mo shuaimhneas mé."

- "D'fhéadfaí go mbeadh deacrachtaí ag roinnt daoine uathacha a bheith in áiteanna atá míshlachtmhar ó amharc nó anordúil, mar shampla, siopaí nó bialanna."
- "Bheadh sé ina chabhair dá bhféadfadh daoine eile smaoineamh ar an timpeallacht ó dhearcadh an duine uathach...is custaiméirí muid cosúil le gach duine eile."
- "Is féidir le rudaí áirithe i dtimpeallacht éigin duine uathach a chur trí chéile, mar shampla, soilse, dathanna, fuaim, bolaithe, agus teocht. Ní féidir linn an chaoi a bhfreagraíonn muid do rudaí áirithe a rialú...ní féidir linn neamhaird a dhéanamh do na rudaí seo."
- "D'fhéadfaí nach mbeadh daoine uathacha ag iarraidh ach bia faoi leith a ithe, mar shampla, gan ach bia bán amháin. Tá sé seo tábhachtach dúinn...níl neart againn air seo...níl muid ag iarraidh a bheith ciotach gan chúis."
- "Tá tábhacht ar leith ag baint le hoideachas agus le heolas."
- "Baineann an-chuid rudaí maithe le huathachas a bheith ort."
- "Tá an-chuid scileanna agus tallann ag daoine uathacha."
- "Is rud cúláilte é uathachas a bheith ort tromlach an ama."

# 5. Conclúid

D'fháiltigh na leanaí agus na daoine óga roimh an deis páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo. Bhí siad ar bís go bhféadfaí go mbeadh tionchar ag a ndearctaí agus ag a smaointe ar an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas deiridh.

> "Is mór an chabhair é an deis seo a bheith agam le labhairt go hoscailte faoin uathachas."
>
> "Taitníonn sé seo go mór liom i ndáiríre mar ceapaim go mbeidh tuilleadh daoine ar an eolas agus go mbeidh siad ag iarraidh orainn ár dtuairimí a chur in iúl."
>
> "Is deis mhaith é seo do dhaoine chun éisteacht le mo dheartháir (leanbh uathach) agus chun meas a léiriú dó. Tá rudaí le rá aige ach ní sa ghnáthbhealach labhartha." (*siblín ag tacú le rannpháirtí uathach)*
>
> "Tá mé sásta páirt a ghlacadh agus na rudaí atá tábhachtach dom a rá."

Luaigh na leanaí agus na daoine óga tábhacht na ngrúpaí abhcóideachta agus fóraim dhaltaí ina bpobail scoile, chomh maith leis an deis do leanaí agus do dhaoine óga a dtuairimí a chur in iúl.

Leag na daoine óga sa ghrúpa fócais béim ar an ngá atá ann le tuilleadh comhairliúcháin le daoine uathacha, agus an tábhacht a bhaineann le daoine uathacha a chuimsiú i seirbhísí, beartais, agus pleananna poiblí a dhearadh, a sheachadadh, agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

Chuir roinnt de na rannpháirtithe in iúl gur mian leo páirt a ghlacadh in tuilleadh comhairliúchán nó i bhfeachtais phoiblí faoin uathachas.

> "Má tharraingíonn muid tuilleadh airde agus glactha ar an uathachas is féidir linn méadú a chur ar an bhfáilte a chuirtear roimh uathachas sa tír seo."

# 6. Aguisíní

## Aguisín 1 – Foirm léirithe spéise



**Tugadh eolas dom faoin gcomhairliúchán.**

☐ Tugadh ☐ Níor tugadh



**Tuigim an t-eolas seo.**

☐ Tugadh ☐ Níor tugadh



**Tá a fhios agam go bhfuil sé de rogha agam páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh.**

☐ Tugadh ☐ Níor tugadh



**Tá a fhios agam go bhfuil sé ceart go leor diúltú nó m'intinn a athrú ag am ar bith.**


☐ Tugadh ☐ Níor tugadh




**Tuigim go n-iarrfar orm mo thuairimí agus mo smaointe faoin dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas a roinnt.**

☐ Tugadh ☐ Níor tugadh

# Foirm Spéise don Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas




**Ba mhaith liom páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ar an dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.**



**Sínigh d'ainm:**



**Dáta:**

## Aguisín 2 – Bileog eolais sholéite

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Cuir do thuairimí in iúl faoin dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas








Is Eolas Soléite é seo faoi chomhairliúchán.

# Cad atá i gceist leis an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?




Is plean í an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Is é is brí le Dréacht ná go bhféadfaí go n-athrófaí an plean.



Baineann an plean le feabhas a chur ar shaol daoine uathacha agus a dteaghlach in Éirinn.



Is é atá uainn ná tír ina bhfuil na cearta céanna agus na deiseanna céanna ag daoine uathacha is atá ag gach duine eile.



Is féidir leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas difear a dhéanamh do shaol daoine uathacha.

1

# Cad atá i gceist leis an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?

Tá an Straitéis á cur le chéile ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.



Baineann an bhileog eolais seo le comhairliúchán.

Is é atá i gceist le comhairliúchán ná nuair a iarrtar ar dhaoine a ndearcthaí a roinnt.



Ba mhaith leis an Roinn éisteacht le tuairimí leanaí agus daoine óga uathacha maidir leis an Straitéis.

2

# Do dhearcthaí a fháil ar an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas



Cad é do bharúil faoin Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?



Cén codanna den Straitéis is mó atá tábhachtach duit?



Cén eolas ar cheart a bheith ag daoine faoin uathachas, dar leat?



Ba mhaith linn éisteacht le do dhearcthaí.

3

# An Comhairliúchán



Táimid ag iarraidh labhairt le leanaí agus daoine óga uathacha in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.



Is féidir leat do dhearcthaí a roinnt linn mar chuid de ghrúpa.

Tugtar grúpa fócais air seo.

Reáchtálfar na grúpaí seo ar an láthair.



Is féidir leat agallamh a dhéanamh i d'aonar, más fearr leat.




Is féidir na grúpaí fócais agus na hagallaimh a reáchtáil ag am agus in áit a n-oireann duit.

Mairfidh siad idir 30 nóiméad agus 1 uair an chloig.

4

# An Comhairliúchán



Más tá spéis agat páirt a ghlacadh, líon an fhoirm spéise, le do thoil.

Seol an fhoirm chuig acecommunicationireland@gmail.com



Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Teresa

085 141 0933

acecommunicationireland@gmail.com



Is féidir leat d’intinn a athrú ag am ar bith maidir le páirt a ghlacadh.

Is féidir leat an grúpa fócais nó an t-agallamh a fhágáil ag am ar bith.

5

# An Comhairliúchán




Beidh tuairisc ann ag deireadh an chomhairliúcháin.

Ní luafar d'ainm sa tuairisc.




Is féidir linn cóip den tuairisc a sheoladh chugat más maith leat.

6

# Le haghaidh tuilleadh eolais




Tá tuilleadh eolais faoin

Straitéis Nuálaíochta um Uathachas agus faoin

gcomhairliúchán ag: https://www.gov.ie/en/consultation/f7f8d-public-consultation-on-the-autism-innovation-strategy/

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

ACE

Made with Photo Symbols®

## Aguisín 3 – Bileog eolais i nGaeilge shimplí

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Cuir do thuairim in iúl faoin dréacht




Is eolas i nGaeilge shimplí faoi chomhairliúchán é seo.

# Cad atá i gceist leis an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?

Is plean í an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Is é is brí le Dréacht ná go bhféadfaí go n-athrófaí an plean.

Baineann an plean le feabhas a chur ar shaol daoine uathacha agus a dteaghlach in Éirinn.

Is é atá uainn ná tír ina bhfuil na cearta céanna agus na deiseanna céanna ag daoine uathacha is atá ag gach duine eile.

Is féidir leis an Straitéis Nuálaíochta um Uathachas difear a dhéanamh do shaol daoine uathacha.

Tá an Straitéis á cur le chéile ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Baineann an bhileog eolais seo le comhairliúchán.

1

# Do dhearcthaí a fháil ar an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas

Ba mhaith leis an Roinn tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga uathacha a chloisteáil.

Cad é do bharúil faoin Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?

Cén codanna den Straitéis is mó atá tábhachtach duit?

Cén eolas ar cheart a bheith ag daoine faoin uathachas, dar leat?

2

# An Comhairliúchán

Táimid ag iarraidh labhairt le leanaí agus daoine óga uathacha in áiteanna éagsúla ar fud na tíre.

Is féidir leat do dhearcthaí a roinnt linn mar chuid de ghrúpa.
Tugtar grúpa fócais air seo.

Is féidir leat agallamh a dhéanamh i d'aonar, más fearr leat.

Is féidir na grúpaí fócais agus na hagallaimh a reáchtáil ag am agus in áit a n-oireann duit.
Mairfidh siad idir 30 nóiméad agus 1 uair an chloig.

Más tá spéis agat páirt a ghlacadh, líon an fhoirm spéise, le do thoil.

Is féidir leat d'intinn a athrú ag am ar bith maidir le páirt a ghlacadh.
Is féidir leat an grúpa fócais nó an t-agallamh a fhágáil ag am ar bith.

3

# An Comhairliúchán

Seol an fhoirm chuig acecommunicationireland@gmail.com

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Teresa

085 141 0933

acecommunicationireland@gmail.com

Beidh tuairisc ann ag deireadh an chomhairliúcháin.

Ní luafar d'ainm sa tuairisc.

Is féidir linn cóip den tuairisc a sheoladh chugat más maith leat.

4

# Le haghaidh tuilleadh





Tá tuilleadh eolais faoin Straitéis Nuálaíochta um Uathachas agus faoin gcomhairliúchán ag: https://www.gov.ie/en/consultation/f7f8d-public-consultation-on-the-autism-innovation-strategy/

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

ACE

Made with Photo Symbols®

## Aguisín 4 – Eolas faoin bhfóta-thuairisc





Tá an Rialtas ag labhairt le daoine faoi phlean nua, ar a dtugtar an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas.

Tacóidh an plean seo le daoine uathacha agus a dteaghlaigh in Éirinn.

2




Tá muid ag iarraidh go mbeadh na cearta céanna agus na deiseanna céanna ag daoine uathacha is atá ag gach duine eile. Tá muid ag iarraidh go mbeadh an saol is fearr agus is féidir acu.

3



Teastaíonn uainn ag labhairt le leanaí agus daoine óga uathacha.

Ba mhaith linn éisteacht maidir le do thaithí.

4



Cad é do bharúil faoin Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas?

Cad iad na rudaí is tábhachtaí duit? Cén eolas ar cheart a bheith ag daoine faoin uathachas, dar leat?

5



Is féidir leat páirt a ghlacadh i ngrúpa labhartha, ar a dtugtar grúpa fócais.

Is féidir linn labhairt leat i d’aonar, má fearr leat.

6



Mairfidh an grúpa fócais nó an t-agallamh suas le huair an chloig.

Reáchtálfar é ag am agus in áit a n-oireann duit.

7



Dá mba mhaith leat páirt a ghlacadh, beidh ort ár bhfoirm spéise a líonadh.

8

Má tá aon cheisteanna agat, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le

Teresa Gadd ag Ace Communication

085 141 0933

acecommunicationireland@gmail.com

9

## Aguisín 5 – Eolas le haghaidh tuismitheoirí

085 141 0933
www.acecommnunicationireland.com

**Eolas do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí**
**Comhairliúchán le leanaí agus le daoine óga ar an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas**

Tá Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas forbartha ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).
Is plean í an Straitéis seo chun saol daoine uathacha agus a dteaghlach in Éirinn a fheabhsú.

**Comhairliúchán**
D'iarr an RLCMLÓ ar ACE Communication comhairliúchán ar an Dréacht-Straitéis a chur i gcrích le leanaí agus daoine óga uathacha.
Ba mhaith linn labhairt le leanaí agus le daoine óga uathacha le fáil amach:

- Cén codanna den Straitéis lena mbaineann an tábhacht is mó dóibh
- Na rudaí a cheapann siad gur cheart go mbeadh daoine ar an eolas fúthu maidir le huathachas
- Faoina dtaithí agus faoi na dúshláin a bhíonn acu.

Iarradh ar do leanbh, ar mhaith leo páirt a ghlacadh agus a dtuairimí a roinnt. Is féidir leo a rogha ceann a dhéanamh, páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais nó in agallamh aonair. Tá taithí ag gach ball den fhoireann taighde le bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga uathacha. Mairfidh na grúpaí fócais agus na hagallaimh suas le huair an chloig.

**Cad a dhéanfaimid leis an eolas a thugann do leanbh dúinn?**
Beidh tuairisc ann ag deireadh an chomhairliúcháin, comhdhéanta den eolas a bailíodh le linn an chomhairliúcháin. Ní bhainfear úsáid as ainm do linbh sa tuairisc.

1

Bainfidh an Roinn úsáid as an eolas ón chomhairliúchán chun eolas a dhéanamh don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas deiridh.

Coinneoimid na sonraí uile slán agus i gcomhréir le RGCS. Is féidir eolas ó thuairisc an chomhairliúcháin a thabhairt amach faoin 'Acht um Shaoráil Faisnéise'. Ligfidh na dlithe seo den phobal taifeadtaí rialtais a fheiceáil. Is féidir leat labhairt linn má tá tú buartha faoi aon chuid den eolas atá á thabhairt amach.


**Tuilleadh eolais**

Má tá tuilleadh eolais uait faoin gcomhairliúchán, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Teresa Gadd ar 085 141 0933, nó ag ríomhphost acecommunicationireland@gmail.com.

Le dea-mhéin,
Teresa Gadd
Príomhthaighdeoir

2

## Aguisín 6 – Foirm cheadaithe



**An Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas**
**Cuir do thuairimí in iúl**

Léigh an bhileog eolais maidir le páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo, le do thoil.
Má thugann tú do chead do leanbh páirt a ghlacadh, sínigh thíos, le do thoil.
Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le Teresa Gadd ag ACE Communication, le do thoil:
085 141 0933
acecommunicationireland@gmail.com

| |
|---|
| Tugaimse mo chead le gur féidir le mo leanbh páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán ar an Dréacht-Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. |
| Ainm: |
| Dáta: |
| Ainm an linbh/duine óig: |